

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

14 Samhain 2008

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 1100/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le díchur rialuithe a fheidhmítear ag teorainneacha Ballstát i réimse an iompair de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre (leagan códaithe) ⁽¹⁾ 63
- ★ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le sonraí atá faoi réir na rúndachta staidrimh a tharchur chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (leagan códaithe) ⁽¹⁾ 70
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le honnmhairithe mearcair mhiotalaigh agus comhdhúile agus meascáin áirithe de mhearcair a thoirmeasc agus maidir le mearcair miotalach a stóráil go sábháilte ⁽¹⁾ ... 75
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 1103/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 lena n-oiriúnaítear ionstraimí áirithe atá faoi réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh do Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, maidir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú – Oiriúnú don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú – Cuid a Trí 80

Nóta don léitheoir (féach leathanach 3 den chlúdach)

Praghas: 18 EUR

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE



* Faoin tagairt L 304 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (CE) Uimh. 1099/2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Deireadh Fómhair 2008

maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh

(Téacs atá ábhartha ma idir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá sonraí beachta, tráthúla ag teastáil ón gCoimisiún maidir le cainníochtaí fuinnimh, lena bhfoirmeacha, a bhfoinsí, a nginiúint, a soláthar, a gclaochlú agus a dtomhaltas, chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar agus ar iarmhairtí a chuid oibre beartais i dtaca le fuinneamh.
- (2) Go dtí seo bhíodh staidreamh i dtaca le fuinneamh dírithe go traidisiúnta ar sholáthar fuinnimh agus ar fhuinnimh iontaise. Sna blianta atá amach romhainn, caithfear díriú níos mó ar eolas agus ar mhonatóireacht ar thomhaltas deiridh fuinnimh, ar fhuinneamh inathnuaite agus ar fhuinneamh núicléach a threisiú.
- (3) Tá sé riachtanach go mbeidh faisnéis atá cruinn, cothrom le dáta ar fáil i dtaca le fuinneamh chun tionchar tomhaltais fuinnimh ar an gcomhshaol a mheasúnú, go háirithe i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Ceanglaítear an fhaisnéis sin a sholáthar le Cinneadh Uimh. 280/2004/CE ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le sásra chun monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid an Chomhphobail agus maidir le Prótocal Kíótó a chur chun feidhme ⁽²⁾.

- (4) Le Treoir 2001/77/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 maidir le leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach leictreachais ⁽³⁾ agus le Treoir 2004/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le comhghiniúint, arna bunú ar éileamh teasa úsáidigh sa mhargadh inmheánach fuinnimh, a chur chun cinn ⁽⁴⁾, ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí cainníochtúla i dtaca le fuinneamh a thuairisciú. D'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sna Treoracha sin, tá sonraí mionsonraithe, cothrom le dáta i dtaca le fuinneamh de dhíth.
- (5) Cuireann Treoir 2002/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le feidhmiúlacht fuinnimh foirgneamh ⁽⁵⁾, Treoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le héifeachtúlacht críochúsáide fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh ⁽⁶⁾ agus Treoir 2005/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2005 lena mbunaítear creat maidir le ceanglais éicidheartha le haghaidh táirgí fuinneamh-úsáidte a leagan síos ⁽⁷⁾ de cheangal ar na Ballstáit sonraí tomhaltais fuinnimh cainníochtúla a thuairisciú. Chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sna Treoracha sin a bhaint amach, tá sonraí mionsonraithe, cothrom le dáta i dtaca le fuinneamh, chomh maith le comhéadan níos fearr idir na sonraí sin i dtaca le fuinneamh agus suirbhéanna staidrimh gaolmhara amhaíl na daonáirimh agus na háirimh thithíochta, mar aon le sonraí iompair, de dhíth.

⁽²⁾ IO L 49, 19.2.2004, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 283, 27.10.2001, lch. 33.

⁽⁴⁾ IO L 52, 21.2.2004, lch. 50.

⁽⁵⁾ IO L 1, 4.1.2003, lch. 65.

⁽⁶⁾ IO L 114, 27.4.2006, lch. 64.

⁽⁷⁾ IO L 191, 22.7.2005, lch. 29.

⁽¹⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2008.

- (6) Maidir leis na Páipéir Uaine ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2005 maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an 8 Márta 2006 maidir le Straitéis Eorpach i dtaca le Soláthar Inmharthana, Iomaíoch agus Slán Fuinnimh, déantar plé iontu ar bheartais fuinnimh an AE dá bhfuil fáil ar shonraí i dtaca le fuinneamh an AE de dhíth, lena n-áirítear chun Faireachlann ar Mhargadh Fuinnimh na hEorpa a bhunú.
- (7) Ní mór sonraí mionsonraithe, cothrom le dáta i dtaca le fuinneamh a sholáthar chun samhail um thuar fuinnimh san fhearann poiblí a bhunú, faoi mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa ina Rún an 14 Nollaig 2006 maidir le Straitéis Eorpach i dtaca le Soláthar Inmharthana, Iomaíoch agus Slán Fuinnimh ⁽¹⁾.
- (8) Sna blianta amach romhainn, ba cheart aird níos mó a thabhairt ar shlándáil soláthair na mbreoslaí is tábhachtaí agus tá gá le sonraí níos tráthúla agus níos cruinne ar leibhéal an AE chun réitigh de chuid an AE ar ghéarchéimeanna soláthair a d'fhéadfadh tarlú a thuar agus a chomhordú.
- (9) Mar gheall ar léirscaoileadh an mhargaidh fuinnimh, agus mar gheall ar a chastacht atá ag dul i méid, tá sé ag éirí níos deacra sonraí iontaofa, tráthúla i dtaca le fuinneamh a fháil d'uireasa, go háirithe, bunús dlí maidir le soláthar na sonraí sin.
- (10) Chun go mbeidh an córas staidrimh i dtaca le fuinneamh ina chabhair don chinnteoireacht pholaitiúil san Aontas Eorpach agus ina Bhallstáit agus chun díospóireacht phoiblí a mbeadh na saoránaigh páirteach inti a spreagadh, ní foláir dó ráthaíochtaí a thabhairt maidir le hinchomparáideacht, le trédhearcacht, le solúbthacht agus le cumas chun fhoráis. Ba cheart, dá bhrí sin, go luath amach anseo, staidreamh i dtaca le fuinneamh núicléach a ionchorprú agus ba cheart sonraí iomchuí i dtaca le fuinneamh inathnuaithe a fhorbairt tuilleadh. Ar an gcaoi chéanna, maidir le héifeachtacht fuinnimh, bheadh fáil ar staidreamh mionsonraithe i dtaca le gnáthóga agus i dtaca le hiompar thar a bheith úsáideach.
- (11) Tá soláthar staidrimh Chomhphobail faoi rialú ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle an 17 Feabhra 1997 maidir le Staidreamh Comhphobail ⁽²⁾.
- (12) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon réim coiteann a bhunú maidir le soláthar, tarchur, meastóireacht agus scaipeadh staidrimh inchoimparáide i dtaca le fuinneamh sa Chomhphobal, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil ríachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (13) Agus staidreamh Comhphobail á sholáthar á scaipeadh faoin Rialachán seo, ba cheart go gcuirfeadh na húdaráis staidrimh náisiúnta agus Comhphobail san áireamh na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais don Staidreamh Eorpach a ghlac an Coiste um an gClár Staidrimh, a bunaíodh le Cinneadh 89/382/CE ón gComhairle, Euratom, an 24 Feabhra 2005 ⁽³⁾ agus a cuireadh i gceangal leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le neamhspleáchas, le hiontaofacht agus le cuntasacht na n-údarás náisiúnta agus Comhphobail staidrimh.
- (14) Na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ⁽⁴⁾.
- (15) Ba cheart, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún liosta na bhfoinsí sonraí, an staidreamh náisiúnta agus na soiléirithe nó na sainmhínithe is infheidhme a mhodhnú mar aon leis na socrúithe tarchuir, agus staidreamh bliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach a bhunú agus a mhodhnú, a luaithe a ionchorprófar é, staidreamh i dtaca le fuinneamh inathnuaithe a mhodhnú, a luaithe agus a ionchorprófar é, agus staidreamh maidir le tomhaltas deiridh fuinnimh a bhunú agus a mhodhnú. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le heilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a cheapfar iad, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.
- (16) Is gá a fhoráil go bhféadfaidh an Coimisiún díolúintí nó maoluithe a dheonú do Bhallstáit ó na gnéithe sin den bhailiú sonraí i dtaca le fuinneamh a chuirfeadh ualach iomarcach ar fhreagróirí. Níor chóir na díolúintí ná na maolaithe a dheonú ach amháin ar údar maith a fháil a léiríonn go trédhearcach an cás atá ann faoi láthair agus na hualaí iomarcacha. Ba cheart go dteorannófaí an tréimhse ar lena linn a bheidh na díolúintí nó na maoluithe sin i bhfeidhm go dtí an tréimhse ama is giorra is gá.
- (17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gClár Staidrimh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat coiteann maidir le soláthar, tarchur, meastóireacht agus scaipeadh staidrimh inchoimparáide i dtaca le fuinneamh sa Chomhphobal.

⁽¹⁾ IO C 317 E, 23.12.2006, lch. 876.

⁽²⁾ IO L 52, 22.2.1997, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 181, 28.6.1989, lch. 47.

⁽⁴⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí staidrimh a bhaineann le táirgí fuinnimh agus lena gcomhiomláin sa Chomhphobal.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- ciallaíonn ‘staidreamh Comhphobail’ staidreamh Comhphobail mar a shainmhínítear é sa chéad fhleasc d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97;
- ciallaíonn ‘staidreamh a chur ar fáil’ staidreamh a chur ar fáil mar a shainmhínítear é sa dara fleasc d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97;
- ciallaíonn ‘an Coimisiún (Eurostat)’ an t-údarás Comhphobail mar a shainmhínítear é sa cheathrú fleasc d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97;
- ciallaíonn ‘táirgí fuinnimh’ breoslaí indóite, teas, fuinneamh inathnuaite, leictreachas, nó aon fhoirm eile fuinnimh;
- ciallaíonn ‘comhiomláin’ sonraí comhiomlánaithe ar an leibhéal náisiúnta maidir le cóireáil nó le húsáid táirgí fuinnimh, eadhon táirgeadh, trádáil, stoic, claochlú, tomhaltas, agus saintréithe struchtúracha an chórais fuinnimh amhail toilltí suiteáilte maidir le giniúint leictreachais nó toilltí táirgthe maidir le táirgí ola;
- ciallaíonn ‘cáilíocht sonraí’ na gnéithe seo a leanas de cháilíocht staidrimh: ábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, inchomparáideacht, comhleanúnachas agus iomláine.

Airteagal 3

Foinsí sonraí

- Agus na bprionsabal maidir le hualach laghdaithe a chur ar fhreagróirí agus maidir le simpliú riaracháin a choinneáil á bhfeidhmiú, tiomsóidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le táirgí fuinnimh agus lena gcomhiomláin sa Chomhphobal ó na foinsí seo a leanas:
 - suirbhéanna sonracha staidrimh a bheidh dírithe ar na táirgeoirí agus trádalaithé fuinnimh phríomhúil agus ar na táirgeoirí agus trádalaithé fuinnimh chlaochlathé agus ar dháileoirí agus iompróirí, ar allmhaireoirí agus onnmhair-eoirí táirgí fuinnimh;
 - suirbhéanna staidrimh eile a bheidh dírithe ar úsáideoirí deiridh fuinnimh in earnáil an tionscail déantúsaíochta, in earnáil an iompair, agus in earnálacha eile, lena n-áirítear líonta tí;
 - nósanna imeachta eile maidir le meastachán staidrimh nó foinsí eile, lena n-áirítear foinsí riaracháin, amhail rialtóirí na margaí leictreachais agus gáis.

2. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha mionsonraithe a bhaineann leis an tslí a dtuairisceoidh gnóthais agus foinsí eile na

sonraí a bheidh de dhíth le haghaidh staidrimh náisiúnta mar a shonraítear in Airteagal 4.

3. Féadfar liosta na bhfoinsí sonraí a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 4

Comhiomláin, táirgí fuinnimh agus minicíocht tarchuir an staidrimh náisiúnta

1. Leagtar amach sna hlarscríbhinní an staidreamh náisiúnta a thuairisceofar. Déanfar é a tharchur ag na minicíochtaí seo a leanas:

- go bliantúil, maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh in larscríbhinn B;
- go míosúil, maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh in larscríbhinn C;
- go míosúil gearrthéarmach, i dtaca le staidreamh fuinnimh in larscríbhinn D.

2. Tugtar soiléirithe nó sainmhínithe is infheidhme ar na téarmaí teicniúla a úsáidtear sna hlarscríbhinní aonair agus in larscríbhinn A, (Soiléirithe ar Théarmaíocht), freisin.

3. Féadfar an staidreamh a chuirfear ar aghaidh agus na soiléirithe nó na sainmhínithe is infheidhme a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 5

Tarchur agus scaipeadh

1. Déanfaidh na Ballstáit an staidreamh náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4 a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

2. Is mar a leagtar amach sna hlarscríbhinní a bheidh na socrúithe maidir lena dtarchur, lena n-áirítear na teorainneacha ama, na maoluithe agus na díolúintí is infheidhme a ghabhann leis.

3. Féadfar na socrúithe i dtaca le tarchur an staidrimh náisiúnta a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

4. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún díolúintí nó maoluithe breise a dheonú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(3), i leith na gcodanna sin den staidreamh náisiúnta a gcuirfeadh a dtiomsú ualach iomarcach ar fhreagróirí.

5. Scaipfidh an Coimisiún (Eurostat) an staidreamh bliantúil i dtaca le fuinneamh faoin 31 Eanáir den dara bliain tar éis na tréimhse tuairiscithe.

Airteagal 6

Measúnú cháilíochta agus tuarascálacha cáilíochta

1. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht na sonraí a tharchuirfear.

2. Déanfar gach iarracht réasúnta chun comhleanúnachas a áirithiú idir sonraí fuinnimh a dhearbhoífar i gcomhréir le hIarscríbhinn B agus sonraí a dhearbhoífar i gcomhréir le Cinneadh 2005/166/CE ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2005 lena leagtar síos na rialacha i ndáil le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 280/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid an Chomhphobail agus maidir le Prótocal Kíótó a chur chun feidhme ⁽¹⁾.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na gnéithe measúnachta cáilíochta seo a leanas i leith na sonraí a bheidh le tarchur:

- tagróidh 'ábharthacht' don mhéid a fhreastalaíonn an staidreamh ar riachtanais reatha agus féideartha na n-úsáideoirí;
- tagróidh 'cruinneas' do ghairneacht na meastachán do na fíorluachanna anaithnide;
- tagróidh 'tráthúlacht' don aga moille idir fáil a bheith ar an bhfaisnéis agus an teagmhas nó an feiniméan a dtugann sí tuairisc air;
- tagróidh 'poncúlacht' don aga moille idir dáta scaoilte na sonraí agus an spriocdháta faoinar chóir iad a bheith seachadta;
- tagróidh 'inrochtaineacht' agus 'soiléireacht' do na coinníollacha agus do na modúlachtaí trína bhféadfaidh úsáideoirí sonraí a fháil, a úsáid agus a léirmhíniú;
- tagróidh 'incomparáideacht' don tomhas ar thionchar na ndifríochtaí idir coincheapa feidhmeacha staidrimh agus uirlisí agus nósanna imeachta tomhais i gcás ina ndéantar comparáid idir staidreamh ó thaobh limistéar geografach nó fearann earnála, nó thar thréimhse ama;
- tagróidh 'comhleanúnachas' dá leordhóthanaí atá na sonraí lena nascadh go hiontaoifa ar bhealaí difriúla agus le haghaidh úsáidí éagsúla.

4. Gach cúig bliana, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar fáil don Choimisiún (Eurostat) maidir le cáilíocht na sonraí arna dtarchur agus maidir le haon athruithe modheolaíochta a rinneadh chomh maith.

5. Laistigh de shé mhí ón iarraidh a fháil ón gCoimisiún (Eurostat), agus chun deis a thabhairt dó cáilíocht na sonraí arna dtarchur a mheasú, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil ina mbeidh aon fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

Airteagal 7

Am tagartha agus minicíocht

Tiomsóidh na Ballstáit na sonraí go léir a shonraítear sa Rialachán seo ó thús na bliana féilire tar éis ghlacadh an Rialacháin seo, agus tarchuirfidh siad iad as sin amach ag na minicíochtaí a leagtar síos in Airteagal 4(1).

⁽¹⁾ IO L 55, 1.3.2005, lch. 57.

Airteagal 8

Staidreamh bliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach

Sainmhíneoidh an Coimisiún (Eurostat), i gcomhar leis an earnáil fuinnimh núicléach san AE, tacar staidrimh bhliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach a bheidh le tuairisciú agus le scaipeadh ón mbliain 2009 ar aghaidh, arb í an bhliain sin an chéad bhliain tuairiscithe, gan dochar do rúndacht, i gcás inar gá sin, agus seachnófar aon dúbailt ar bhailiú sonraí agus, ag an am céanna, coinneofar an costas a bhaineann lena chur ar fáil íseal agus an t-ualach tuairiscithe réasúnta.

Bunófar an tacar staidrimh bhliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach agus féadfar é a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 9

Staidreamh i dtaca le fuinneamh inathnuaite agus staidreamh i dtaca le tomhaltas deiridh fuinnimh

1. D'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht an staidrimh i dtaca le fuinneamh inathnuaite agus i dtaca le tomhaltas deiridh fuinnimh, áiritheoidh an Coimisiún (Eurostat), i gcomhar leis na Ballstáit, go mbeidh an staidreamh seo incomparáideach, trédhearcach, mionsonraithe agus solúbtha:

- trí athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáidtear chun staidreamh i dtaca le fuinneamh inathnuaite a chruthú d'fhonn staidreamh breise, ábhartha agus mionsonraithe a chur ar fáil i dtaca le gach foinse fuinnimh inathnuaite, go bliantúil agus ar shlí chostéifeachtach. Tíolacfaidh an Coimisiún (Eurostat) an staidreamh a chruthófar ón mbliain 2010 (an bhliain thagartha) ar aghaidh agus scaipfidh sé an staidreamh sin;
- tríd an mhodheolaíocht a bheidh in úsáid ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Chomhphobail i gcruthú an staidrimh maidir le tomhaltas deiridh fuinnimh (foinsí, athróa, cáilíocht, costais) a athbhreithniú agus a shocrú bunaithe ar an staid reatha, ar staidéir atá ann cheana agus ar threoirstaidéir féidearthachta, chomh maith le hanailísí costais/sochair atá fós le déanamh, agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na dtreoirstaidéar agus na n-anailísí costais/sochair d'fhonn eochracha miondealaithe a bhunú do na fuinnimh deiridh de réir earnála agus de réir príomhúsáide fuinnimh agus na míreanna comhthoraidh a lánpháirtíú sa staidreamh de réir a chéile ón mbliain 2012 (an bhliain thagartha) ar aghaidh.

2. Féadfar an tacar staidrimh i dtaca le fuinneamh inathnuaite a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

3. Bunófar an tacar staidrimh i dtaca le tomhaltas deiridh fuinnimh agus féadfar é a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

*Airteagal 10***Bearta cur chun feidhme**

1. Na bearta seo a leanas, atá riachtanach do chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a cheapfar iad, *inter alia* trína fhorlíonadh, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2):

- (a) modhnuithe ar liosta na bhfoinsí sonraí (Airteagal 3(3));
- (b) modhnuithe ar an staidreamh náisiúnta agus ar na soiléirithe nó ar na sainmhínte is infheidhme (Airteagal 4(3));
- (c) modhnuithe ar na socruithe tarchuir (Airteagal 5(3));
- (d) an staidreamh bliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach a bhunú agus modhnuithe a dhéanamh air (Airteagal 8(2));
- (e) modhnuithe ar an staidreamh i dtaca le fuinneamh inathnuaite (Airteagal 9(2));
- (f) staidreamh i dtaca le tomhaltas deiridh fuinnimh a bhunú agus modhnuithe a dhéanamh air (Airteagal 9(3)).

2. Deonófar díolúintí nó maoluithe breise (Airteagal 5(4)) i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(3).

3. Tabharfar aird ar an bprionsabal go bhfanfaidh na costais bhreise agus an t-ualach tuairiscithe breise laistigh de theorainneacha réasúnta.

*Airteagal 11***An Coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um an gClár Staidrimh cúnaimh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 12***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 22 Deireadh Fómhair 2008.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J.-P. JOUYET

IARSCRÍBHINN A

SOILÉIRITHE AR THÉARMAÍOCHT

Tugann an iarscríbhinn seo mínithe nó sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear sna hiarscríbhinní eile.

1. NÓTAÍ GEOGRAFACHA

Chun críocha staidreamh a thuairisciú, agus chun na críocha sin amháin, beidh feidhm ag na sainmhínithe geografacha seo a leanas:

- Ní chuimsítear leis an Astráil críocha thar lear na hAstráile.
- Ní chuimsítear leis an Danmhairg Oileáin Fharó ná an Ghraonlainn.
- Cuimsítear leis an bhFrainc Monacó ach ní chuimsítear léi na críocha Francacha thar lear: Guadalúip, Martinique, Guáin na Fraince, Réunion, St. Pierre agus Miquelon, An Nua-Chaladóin, Polainéis na Fraince, Vailís agus Futúna, Mayotte.
- Cuimsítear leis an Iodáil San Mairíne agus Cathair na Vatacáine.
- Cuimsítear leis an Seapáin Okinawa.
- Ní chuimsítear leis an Ísiltír Suranam ná Aintillí na hÍsiltíre.
- Cuimsítear leis an bPortaingéil na hAsóir agus Maidéara.
- Cuimsítear leis an Spáinn na hOileáin Chanáracha, na hOileáin Bhailéaracha, agus Ceuta agus Melilla.
- Ní chuimsítear leis an Eilvéis Lichtinstéin.
- Cuimsítear leis na Stáit Aontaithe an 50 Stát, Ceantar Columbia, Oileáin Mheiriceánacha na Maighdean, Pórtó Ríce agus Guam.

2. COMHIOMLÁIN

Aicmítear táirgeoirí de réir chuspóir an táirgthe:

- Táirgeoirí Príomhghníomhaíochta: frontair, ar úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, a ghineann leictreachas agus/nó teas lena dhíol le tríú páirtithe mar a bpríomhghníomhaíocht.
- Uath-tháirgeoirí: frontair, ar úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, a ghineann leictreachas agus/nó teas go hiomlán nó go páirteach dá n-úsáid féin mar ghníomhaíocht a thacaíonn lena bpríomhghníomhaíocht.

Tabhair ar aird: féadfaidh an Coimisiún téarmaíocht a shoiléiriú tuilleadh trí thagairtí ábhartha NACE a chur leis an téarmaíocht i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(2) tar éis teacht i bhfeidhm d'athbhreithniú ar aicmiú NACE.

2.1. Earnálacha an tSoláthair agus an Chlaochlaithe

Táirgeacht/Táirgeacht Dhúchasach

Cainníochtaí breoslaí a eastóscar nó a tháirgtear, arna ríomh tar éis aon oibríocht a dhéanamh chun támhábhar a bhaint. Airítear leis an táirgeacht na cainníochtaí a chaitheann an táirgeoir sa phróiseas táirgthe (e.g. do théamh nó d'oibriú trealaimh agus trealaimh cúnta) mar aon le soláthairtí chuig táirgeoirí fuinnimh eile lena gclaochlú nó le haghaidh úsáidí eile.

Modhanna dúchasacha: táirgeadh ó acmhainní laistigh den stát lena mbaineann.

Allmhairí/Onnmhairí

Féach an roinn maidir le 'Nótaí Geografacha' le haghaidh sainmhínte geografacha.

Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn 'allmhairí' don chéad tionscnamh (an tír inar táirgeadh an táirge fuinnimh) lena n-úsáid sa tír agus tagraíonn 'onnmhairí' don tír dheiridh ina gcaithear an táirge fuinnimh táirgthe.

Measfar méideanna a bheith allmhairithe nó onnmhairithe nuair a thrasnóidh siad teorainneacha polaitiúla na tíre, cibé acu an mbeidh imréiteach custam déanta nó nach mbeidh.

Féadfar 'Eile' a úsáid i gcás nach féidir aon tionscnamh nó aon cheann scríbe a thuairisciú.

Féadfaidh difríochtaí staidrimh teacht chun cinn mura mbeidh ach an t-iomlán ar fáil d'allmhairí agus d'onnmhairí ar an mbonn thuas, agus i gcás ina mbeidh an miondealú geografach bunaithe ar shuirbhé, ar fhoirse nó ar choincheap éagsúil. Sa chás sin, áireofar difríochtaí faoi 'Eile'.

Umair Mhuirí Idirnáisiúnta

Cainníochtaí breoslaí arna seachadadh chuig longa de gach bratach a bhíonn ag gabháil do loingseoireacht idirnáisiúnta. Féadfaidh loingseoireacht idirnáisiúnta tarlú ar muir, ar lochanna agus ar uiscebhealaí intíre, agus in uisce cósta. Ní chuimsítear:

- tomhaltas ag longa a bhíonn ag gabháil do loingseoireacht intíre. Ba cheart go ndéanfaí an deighilt intíre/ idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an chalafoirt fágála agus an chalafoirt teachta seachas ar bhonn bhatach nó náisiúntacht na loinge,
 - tomhaltas ag soithí iascaireachta,
 - tomhaltas ag fórsaí míleata.
-

Athruithe ar Stoic

An difríocht idir an leibhéal stoic tosaigh agus an leibhéal stoic deiridh le haghaidh stoc atá á sealbhú ar chríoch náisiúnta.

Olltomhaltas (ríofa)

Luach ríofa, arna shainiú mar seo a leanas:

Táirgeadh dúchasach + Ó fhoinsí eile + Allmhairí – Onnmhairí – Umair mhuirí idirnáisiúnta + Athruithe ar stoic

Olltomhaltas (breathnaithe)

An chainníocht a taifeadadh go hiarbhir i suirbhéanna ar earnálacha críochúsáide.

Difríochtaí Staidrimh

Luach ríofa, arna shainiú mar seo a leanas:

Olltomhaltas ríofa – olltomhaltas breathnaithe.

Áirítear leis sin athruithe ar stoic faoi thomhaltóirí deiridh murar féidir iad sin a shonrú mar chuid de 'Athruithe ar stoic'.

Ba cheart na cúiseanna a bheidh le haon mhórdhifríochtaí a lua.

Gléasraí Leictreachais na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh.

Déanfar breoslaí arna n-úsáid ag gléasraí agus a bhfuil aonad TCÉ amháin ar a laghad iontu a thuairisciú faoi Ghléasraí TCÉ na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta.

Gléasraí Teasa agus Cumhachta in Éineacht (TCÉ) na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun leictreachas agus teas a tháirgeadh.

Gléasraí Teasa na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun teas a tháirgeadh.

Gléasraí Leictreachais Uath-tháirgeoirí

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh.

Déanfar breoslaí arna n-úsáid ag gléasraí agus a bhfuil aonad TCÉ amháin ar a laghad iontu a thuairisciú faoi 'Gléasraí TCÉ Uath-Tháirgeoirí'.

Gléasraí Teasa agus Cumhachta in Éineacht (TCÉ) Uath-Tháirgeoirí

Cainníochtaí breoslaí a fhreagraíonn don chainníocht leictreachais a tháirgtear agus don chainníocht teasa a dhíoltar.

Gléasraí Teasa Uath-Tháirgeoirí

Cainníochtaí breoslaí a fhreagraíonn don chainníocht teasa a dhíoltar.

Gléasraí Breosla Paitinne

Cainníochtaí a úsáidtear chun breoslaí a tháirgeadh.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú trealamh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas san earnáil fuinnimh.

Oighinn Chóic

Cainníochtaí a úsáidtear in oighinn chóic.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú trealamh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas san earnáil Fuinnimh.

Gléasraí BKB/PB

Cainníochtaí ligníte nó guail dhoinn a úsáidtear chun brící guail dhoinn (BKB) a tháirgeadh nó cainníochtaí móna a úsáidtear chun brící móna (PB) a tháirgeadh.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú trealamh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas san earnáil Fuinnimh.

Oibreacha Gáis

Cainníochtaí a úsáidtear chun gás a tháirgeadh in oibreacha gáis agus i ngléasraí gásúcháin guail.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear mar bhreosla do théamh agus d'oibriú trealamh a áireamh anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas san earnáil Fuinnimh.

Foirneis Soinneáin

Cainníochtaí de ghual cóic agus/nó de ghual biotúmanach (dá ngairtear PCI i gcoitinne) agus de chóic oigheann cóic arna gclaochlú i bhfoirneisí soinneáin.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú foirneisí soinneáin (e.g.: gás foirneisí soinneáin) a áireamh anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas san earnáil Fuinnimh.

Leachtú Guail

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun ola shintéiseach a tháirgeadh.

Scaglanna Peitríliam

Cainníochtaí a úsáidtear chun táirgí peitríliam a tháirgeadh.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear mar bhreosla do théamh agus d'oibriú trealamh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas san earnáil fuinnimh.

Nach Sonraítear in aon áit eile – Claochlú

Cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí claochlaithe agus nach n-áirítear in aon áit eile. Má úsáidtear iad, ba cheart an méid áirítear faoin gceannteideal seo a mhíniú sa tuarascáil.

2.2. An Earnáil Fuinnimh agus an Tomhaltas Deiridh

An Earnáil Fuinnimh ina hiomláine

Cainníochtaí arna gcaitheamh ag an tionscal fuinnimh chun tacú le hoibriú eastósctha (mianadóireacht, táirgeadh ola agus gáis) nó le hoibriú eastósctha gléasra de chuid gníomhaíochtaí claochlaithe.

Ní áirítear cainníochtaí breoslaí arna gclaochlú i bhfoirm eile fuinnimh (is cóir iad sin a thuairisciú faoi earnáil an Chlaochlaithe) nó cainníochtaí a úsáidtear chun tacú le hoibriú píblínte ola, gáis agus sciodair guail (is cóir iad sin a thuairisciú in Earnáil an Iompair).

Áirítear monarú ábhar ceimiceach do chomhleá agus d'eamhnú adamhach agus táirgí na bpróiseas sin.

Gléasraí Leictreachais, TCÉ agus Teasa

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh i ngléasraí leictreachais, i ngléasraí teasa agus cumhachta in éineacht (TCÉ) agus i ngléasraí teasa.

Mianaigh Ghuail

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh chun tacú le gual a eastóscadh agus a ullmhú laistigh de thionscal na gualmianadóireachta.

Ba cheart gual arna dhó i stáisiúin chumhachta bhéal an tsloic a thuairisciú in Earnáil an Chlaochlaithe.

Gléasraí breosla paitinne

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh i ngléasraí breosla paitinne.

Oighinn Chóic

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh i ngléasraí cóic.

Gléasraí BKB/PB

Cainníochtaí arna n-úsáid mar fhuinneamh i ngléasraí BKB/PB.

Oibreacha Gáis/oibreacha gásúcháin

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh in oibreacha gáis agus i ngléasraí gásúcháin guail.

Foirneáil Soinneáin

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh i bhfoirneáil soinneáin.

Leachtú Guail

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh i ngléasraí leachtaithe guail.

Scaglanna Peitriiliam

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar fhuinneamh i scaglanna peitriiliam.

Eastóscadh Ola agus Gáis

Cainníochtaí arna gcaitheamh mar bhreosla i bpróiseas eastósctha ola agus gáis agus i ngléasraí próiseála gáis nádúrtha.

Ní áirítear cailteanais ó phiblíne (atá le tuairiscíú mar chailteanais dáilte) agus cainníochtaí a úsáidtear chun píblínte a oibriú (atá le tuairiscíú in earnáil an Iompair).

Tomhaltas deiridh ina iomláine

Arna shainmhíniú (arna ríomh) mar seo a leanas:

= Úsáid neamhfhuinnimh ina hiomláine + Tomhaltas Deiridh Fuinnimh (Tionscail + Iompar + Earnálacha eile)

Ní áirítear seachadtaí lena gclaochlú, úsáid ag na tionscail táirgthe fuinnimh, ná cailteanais dáilte.

Úsáid neamhfhuinnimh

Cainníochtaí arna n-úsáid mar amhábhair sna hearnálacha éagsúla; i.e. cainníochtaí nach gcaitheamh mar bhreosla nó nach gclaochlaítear ina mbreosla eile.

2.3. Sonrú don Chríochúsáid fuinnimh

Tomhaltas Deiridh Fuinnimh

Iomlán an tomhaltais fuinnimh in earnálacha an tionscail, an iompair agus in earnálacha eile.

Earnáil an Tionscail

Tagraíonn sé seo do chainníochtaí breoslaí arna gcaitheamh ag an ngnóthas tionscail d'fhonn tacú lena chuid príomhghníomhaíochtaí.

Maidir le gléasraí teasa amháin nó maidir le gléasraí TCÉ, ní bheidh sé seo infheidhme ach amháin maidir le cainníochtaí breoslaí arna gcaitheamh chun teas a tháirgeadh, ar teas é a úsáidfidh an gléasra féin. Maidir le cainníochtaí breoslaí arna gcaitheamh chun teas a dhíolfar a tháirgeadh, agus chun leictreachas a tháirgeadh, ba cheart iad sin a thuairiscíú faoin earnáil chúil Chlaochlaithe.

Iarann agus Cruach

Ceimic (lena n-áirítear Peitricemic)

Na tionscail cheimiceacha agus pheitricemiceacha.

Miotail Neamhfheiriúla

Tionscail na miotal neamhfheiriúil.

Mianraí Neamh-Mhiotalacha

Tionscail an ghloine, na criadóireachta, na stroighne agus tionscail eile ábhar tógála.

Trealamh Iompair

Tionscail a bhaineann leis an trealamh a úsáidtear le haghaidh iompair.

Innealra

Táirgí déanta as miotal, innealra agus trealamh seachas trealamh iompair.

Mianadóireacht agus Cairéalacht

Ní áirítear tionscail táirgthe fuinnimh.

Bia, Deochanna agus Tobac

Laíon, Páipéar agus Clódóireacht

Áirítear táirgeadh meán taifeadta.

Adhmad agus Táirgí Adhmaid (seachas laíon agus páipéar)

Foirgníocht

Teicstíl agus Leather

Nach sonraítear in aon Áit Eile – Tionscal

Tomhaltas in earnálacha nach bhfoláitear thuas.

Earnáil an Iompair

Fuinneamh arna úsáid sna gníomhaíochtaí iompair go léir beag beann ar an earnáil gheilleagair ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht.

Earnáil an Iompair – Iarnród

An tomhaltas go léir a úsáidtear i dtrácht iarnróid, lena n-áirítear iarnróid thionsclaíocha.

Earnáil an Iompair – Loingseoireacht Intíre

Cainníochtaí arna seachadadh chuig soithí de gach bratach nach bhfuil ag gabháil do loingseoireacht idirnáisiúnta (feic umair mhuirí idirnáisiúnta). Ba cheart go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an chalafoirt fágála agus an chalafoirt teachta seachas ar bhonn bhraatach nó náisiúntacht na loinge.

Earnáil an Iompair – Bóthar

Cainníochtaí arna n-úsáid i bhfeithiclí bóthair.

Áirítear breosla arna úsáid ag feithiclí talmhaíochta ar mhórbhealaí agus bealaí lena n-úsáid i bhfeithiclí bóthair.

Ní áirítear fuinneamh arna úsáid in innill dho-aistrithe (féach an earnáil 'Eile'), le haghaidh úsáide neamh-mhórbhealaí i dtarracóirí (féach Talmhaíocht), le haghaidh úsáide míleata i bhfeithiclí bóthair (féach an earnáil 'Eile' – Nach sonraítear in aon áit eile), le haghaidh biotúmain arna úsáid i ndromchlú bóthair nó le haghaidh fuinnimh arna úsáid in innill ar láithreáin fhoirgníochta (féach an fho-earnáil Foirgníocht in earnáil an Tionscail).

Earnáil an Iompair – Iompar Píblíne

Cainníochtaí arna n-úsáid mar fhuinneamh chun tacú le píblínte a bheidh ag iompar gás, leachtanna, sciodar agus tráchtarraí eile agus chun na píblínte sin a oibriú.

Áirítear fuinneamh a úsáidtear le haghaidh stáisiún caidéal agus chun an pháblíne a chothabháil.

Ní áirítear fuinneamh arna úsáid chun gás nádúrtha nó gás monaraithe, uisce te nó gal a dháileadh trí pháblíne ón dáileoir chuig úsáideoirí deiridh (atá le tuairisciú san earnáil fuinnimh), fuinneamh arna úsáid maidir le dáileadh deiridh uisce ar úsáideoirí tí, ar úsáideoirí tionscail, ar úsáideoirí tráchtála agus ar úsáideoirí eile (atá le háireamh sna Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí) agus cailteanais a tharlaíonn le linn an iompair sin idir an dáileoir agus úsáideoirí deiridh (atá le tuairisciú mar chaillteanais dailte).

Earnáil an Iompair – Eitlíocht Idirnáisiúnta

Cainníochtaí breoslaí eitlíochta arna seachadadh chuig aerárthaí le haghaidh eitlíochta idirnáisiúnta. Ba cheart go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn suíomh fágála agus tuirlingthe seachas ar bhonn náisiúntacht na haerlíne.

Ní áirítear breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair (atá le tuairisciú in earnáil an iompair – Nach sonraítear in aon áit eile) nó úsáid mhíleata breoslaí eitlíochta (atá le tuairisciú in Earnálacha eile – Nach sonraítear in aon áit eile).

Earnáil an Iompair – Eitlíocht Intíre

Cainníochtaí breoslaí eitlíochta arna seachadadh chuig aerárthaí le haghaidh eitlíochta intíre – eitlíocht tráchtála, eitlíocht phríobháideach, eitlíocht talmhaíochta, etc.

Áirítear breosla arna úsáid le haghaidh críoch eile seachas eitilt, e.g. tagarthástáil inneall. Ba cheart go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn suíomh fágála agus tuirlingthe seachas ar bhonn náisiúntacht na haerlíne.

Ní áirítear breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair (atá le tuairisciú in earnáil an iompair – Nach sonraítear in aon áit eile) ná úsáid mhíleata breoslaí eitlíochta (atá le tuairisciú in earnálacha Eile – Nach sonraítear in aon áit eile).

Earnáil an Iompair – Nach Sonraítear in aon áit eile

Cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí iompair agus nach n-áirítear in aon áit eile.

Áirítear breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair agus breoslaí arna n-úsáid i gcalafoirt le haghaidh díluchtóirí long, cineálacha éagsúla craenacha.

Ní mór an méid a áirítear faoin gceannteideal seo a dhearbhu.

Earnálacha Eile

Earnálacha nach luaitear go sonrath nó nach mbaineann le fuinneamh, le tionscal ná le hiompar.

Earnálacha Eile – Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí

Breoslaí arna gcaitheamh ag gnólachtaí agus ag oifigí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

Earnálacha Eile – Cónaitheach

Déanfar breoslaí arna gcaitheamh ag gach teaghlach lena n-áirítear 'teaghlach ina bhfuil daoine fostaithe' a dhearbhu.

Earnálacha Eile – Talmhaíocht/Foraoiseacht

Breosláí arna gcaitheamh ag úsáideoirí a aicmeofar mar thalmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht.

Earnálacha Eile – Iascaireacht

Breosláí arna seachadadh le haghaidh iascaireachta intíre, cósta agus domhainfharraige. Ba cheart go gcumhdódh an iascaireacht breosláí arna seachadadh chuig longa de gach bratach a athbhreoslaíonn sa tír (lena n-áirítear iascaireacht idirnáisiúnta) agus fuinneamh arna úsáid in earnáil na hiascaireachta.

Earnálacha Eile – Nach Sonraítear in aon áit eile

Is gníomhaíochtaí iad seo nach n-áirítear in aon áit eile. Áirítear leis an aicme seo úsáid mhíleata breosláí do thomhaltas soghluaiste agus doghluaiste (e.g. longa, aerárthaí, bóthar agus fuinneamh a úsáidtear i gceathrúna cónaithe), is cuma cibé acu an ndéanfar an breosla a sheachadadh do lucht míleata na tíre sin nó do lucht míleata tíre eile. Má úsáidtear iad, is cóir an méid a áirítear faoin gceannteideal seo a mhíniú sa tuarascáil.

3. TÉARMAÍ EILE

Beidh feidhm ag brí na ngiorrúchán seo a leanas:

- LTM: luaidhe theitriméitile,
 - LTE: luaidhe theitreitile,
 - FPS: fiuchphointe speisialta,
 - GPL: Gás peitríliam leachtaithe,
 - LGNanna: Leachtanna Gáis Nádúrtha,
 - GNL: Gás Nádúrtha Leachtaithe,
 - GNC: Gás nádúrtha comhbhrúite.
-

IARSCRÍBHINN B

STADREAMH BLIANTÚIL FUINNIMH

Tugann an iarscríbhinn seo tuairisc ar an raon, ar na haonaid, ar an tréimhse thuairiscithe, ar an minicíocht, ar an sprioc agus ar na modúlachtaí tarchuir i ndáil le staidreamh fuinnimh a bhailiú go bliantúil.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn A maidir le mínithe ar théarmaí nach dtugtar míniú sonracha orthu san Iarscríbhinn seo.

1. BREOSLAÍ SOLADACHA IONTAISE AGUS GÁIS MHONARAITHE

1.1. Táirgí fuinnimh is infheidhme

Mura sonraítear a mhalaire beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh seo a leanas:

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
1. Antraicít	Gual ardghráid a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna tionscail agus cónaithe. Go hiondúil bíonn níos lú ná 10 % d'ábhar soghalaithe ann agus bíonn cion ard de charbóin ann (thart ar 90 % de charbón fosaithe) ann. Is mó ná 23 865 kJ/kg (5 700 kcal/kg) a oll-luach calrach agus é saor ó luath ach tais.
2. Gual Cóic	Gual biotúmanach ag a bhfuil cáilíocht a éascaíonn táirgeadh cóic atá oiriúnach chun lánán foirnéise soinneáin a sheasamh. Is mó ná 23 865 kJ/kg (5 700 kcal/kg) a oll-luach calrach agus é saor ó luath ach tais.
3. Gual Biotúmanach Eile (Galghual)	Gual a úsáidtear chun gal a ardú agus lena náirítear gach gual biotúmanach nach náirítear faoi ghual cóic nó faoi antraicít. Is é a phríomhthréith gur mó an t-ábhar soghalaithe atá ann ná mar atá in antraicít (níos mó ná 10 %) agus gur lú an cion de charbóin atá ann (níos lú ná 90 % de charbón fosaithe). Is mó ná 23 865 kJ/kg (5 700 kcal/kg) a oll-luach calrach agus é saor ó luath ach tais. Má úsáidtear gual biotúmanach in oighinn chóic ba cheart é a thuairisciú mar ghual cóic.
4. Gual Fo-Bhiotúmanach	Tagraíonn sé do ghual neamhcheirtleánaithe ag a bhfuil oll-luach calrach idir 17 435 kJ/kg (4 165 kcal/kg) agus 23 865 kJ/kg (5 700 kcal/kg) agus ina bhfuil níos mó ná 31 % d'ábhar soghalaithe agus é tirim agus saor ó ábhar mianrach.
5. Lignít/Gual Donn	Gual neamhcheirtleánaithe ag a bhfuil oll-luach calrach níos lú ná 17 435 kJ/kg (4 165 kcal/kg) agus níos mó ná 31 % d'ábhar soghalaithe agus é tirim agus saor ó ábhar mianrach. Ba cheart sceall ola agus gaineamh tarra a tháirgtear agus a dhóitear go díreach a thuairisciú san aicme seo. Ba cheart sceall ola agus gaineamh tarra a úsáidtear mar ionchuir le haghaidh próiseas claochlaithe eile a thuairisciú san aicme seo. Áirítear leis sin an cion den sceall ola nó den ghaineamh tarra a thomhlaítear sa phróiseas claochlaithe. Ba cheart ola scealla agus táirgí eile a dhíorthaítear ó leachtú a thuairisciú sa Cheistiúchán Bliantúil maidir le hOla.
6. Móin	Fosú dríodrach atá indóite, bog, póiriúil nó comhbhrúite, de thionscnamh plandaí agus ina bhfuil cion ard uisce (suas le 90 % i staid amh), a ghearrtar go héasca, agus atá ar dhath donn éadrom nó dúdhonn. Ní áirítear móin a úsáidtear chun críocho neamhfhuinnimh. Tá an sainmhíniú seo gan dochar don sainmhíniú ar fhoinse inathnuaite fuinnimh i dTreoir 2001/77/CE agus i dTreoirlínte IPCC 2006 d'Fhardail Náisiúnta Gáis Cheaptha Teasa.
7. Breosla Paitinne	Breosla comhdhéanta a mhonaraítear as mínbhros guail chrua trí oibreán nasctha a chur leis. Dá bhrí sin, féadfaidh méid an bhreosla paitinne a tháirgtear a bheith beagán níos airde ná an méid iarbhrí guail a thomhlaítear sa phróiseas claochlaithe.
8. Cóic Oigheann Cóic	An táirge soladach a dhéantar trí charbónú guail, go príomha gual cóic, ag teocht ard, agus a bhfuil taisleach agus ábhar soghalaithe íseal aige. Úsáidtear cóic oigheann cóic go príomha sa tionscal iarainn agus cruach agus é ag gníomhú mar fhoinsé fuinnimh agus oibreán ceimiceach. Áirítear bríos cóic agus cóc teilgchearta san aicme seo. Ba cheart leathcóic (táirge soladach a dhéantar trí charbónú guail ag teocht íseal) a áireamh san aicme seo. Bíonn leathcóic á úsáid mar bhreosla tí nó ag an ngléasra claochlaithe féin. Áirítear leis an gceannteideal seo freisin cóc, bríos cóic agus leathcóic a dhéantar as lignít/gual donn.
9. Gás-Chóc	Fotháirge guail chrua a úsáidtear chun gás baile a tháirgeadh in oibreacha gáis. Úsáidtear Gás-chóc chun críocho téimh.

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
10. Tarra Guail	Toradh ar dhriogadh deighilteach guail bhíotúmanaigh. Maidir le tarra guail, is fotháirge leachtach é as driogadh guail chun cóc a dhéanamh i bpróiseas an oighinn cóic nó déantar é as gual donn ('tarra ísealteochta'). Féadfar tarra guail a dhriogadh thairis sin ina tháirgí orgánacha éagsúla (e.g. beinséin, toluéin, naftailéin) a thuairisceofaí de ghnáth mar stoc cothaithe don tionscal peitricimeiceach.
11. BKB (Bricíní Guail Dhoinn)	Is breosla comhdhéanta é BKB a mhonaraítear as lignít/gual donn, agus a tháirgtear trí bhricíní faoi ardbrú gan oibreán nasctha a chur leis. Airítear leis na bhfigiúirí sin bricíní móna, mínbhrus ligníte triomaithe agus deannach ligníte triomaithe.
12. Gás Oibreacha Gáis	Áirítear gach cineál gás a tháirgtear i ngléasraí fónais phoiblí nó i ngléasraí príobháideacha, arb é is príomhchuspóir dóibh gás a mhonarú, a iompar agus a dháileadh. Áirítear gás a tháirgtear trí charbónú (lena n-áirítear gás a tháirgtear in oighinn chóic agus a aistrítear chuig gás oibreacha gáis), trí ghásúchán iomlán fara nó d'éagmais saibhriú le táirgí ola (GPL, fuíoll-ola bhreosla, etc.), agus trí athfhoirmiú agus meascadh simplí a dhéanamh ar gháis agus/nó aer, agus a thuairiscítear faoi na sraitheanna 'Ó Fhoinsí Eile'. Faoi earnáil an chlaochlaithe sonraigh méideanna gáis de chuid oibreacha gáis arna n-aistriú chuig gás nádúrtha cumaiscthe a dhéanfar a dháileadh agus a chaitheamh tríd an eangach gáis nádúrtha. Ba cheart táirgeadh gualghás eile (i.e. gás oigheann cóic, gás foirnéise soinneáin agus gás foirnéise cruach ocsaigine) a thuairisciú sna colúin a bhaineann leis na gáis sin seachas mar tháirgeadh gáis oibreacha gáis. Ba cheart na gualgháis arna n-aistriú chuig gléasraí oibreacha gáis a thuairisciú ansin (ina gcolún féin) in earnáil an chlaochlaithe sa tsraith ar na gléasraí oibreacha gáis. Ba cheart go ndéanfaí méid iomlán an gháis oibreacha gáis a thagann ó aistrithe gualghás eile a thaispeáint sa líne táirgeachta maidir le gás oibreacha gáis.
13. Gás Oigheann Cóic	Faightear é mar fhotháirge ó mhonarú cóic oigheann cóic chun iarann agus cruach a tháirgeadh.
10.1. Mar atá: Bithghásailín	Beidh feidhm ag na sainmhínte atá i gCaibidil 5, Fuinneamh Inathnuaite agus Fuinneamh ó Dhramhaíl.
11. Gásailín Eitlíochta	Biotáille mhótair a ullmhaítear go sonrach d'innill loine eitlíochta, agus ag a bhfuil uimhir ochtáin atá oiriúnach don inneall, reophointe de -60 °C agus réimse driogtha atá laistigh de na teorainneacha 30 °C agus 180 °C de ghnáth.
12. Scaird-Bhreosla de Chineál Gásailíneach (Scaird-Bhreosla de Chineál Nafta nó JP4)	Áirítear leis seo gach ola hidreacarbóin éadrom a úsáidtear in aonaid chumhachta tuirbín eitlíochta, agus a dhriogann idir 100 °C agus 250 °C. Faightear iad trí cheirisíní agus gásailín nó naftaí a chumasc ar shlí nach rachaidh an cion hidreacarbón aramatach thar 25 % de thoirt, agus go mbeidh an galbhrú idir 13,7 kPa agus 20,6 kPa.
13. Scaird-Bhreosla de Chineál Ceirisíneach	Driogáit a úsáidtear d'aonaid chumhachta tuirbín eitlíochta. Tá na hairíonna driogtha céanna, idir 150 °C agus 300 °C (nach airde go hiondúil ná 250 °C), agus an splancphointe céanna aige agus atá ag ceirisín. Ina theannta sin, tá sonraíochtaí áirithe aige (ar nós reophointe) atá bunaithe ag an gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA). Áirítear leis comhábhair chumaisc ceirisín.
14. Ceirisín Eile	Driogáit pheitriiliam scagtha a úsáidtear in earnálacha seachas iompar aerárthaí. Driogann sé idir 150 °C agus 300 °C.
15. Ola Gháis/Ola Dhíosail (Ola Bhreosla Driogáite)	Is driogáit mheánach go príomha í ola gháis/ola dhíosail a dhriogann idir 180 °C agus 380 °C. Áirítear leis comhábhair chumaisc. Tá roinnt grád ar fáil ag brath ar úsáidí:
15.1. Mar atá: Díosal Iompair	Ola dhíosail d'fheithiclí bóthair le hadhaint comhbhrú díosail (carranna, trucaílí, etc.), ina mbíonn cion íseal sulfair de ghnáth;
15.1.1. Ó 15.1, mar atá: Bithdhíosail	Beidh feidhm ag na sainmhínte atá i gCaibidil 5, Fuinneamh Inathnuaite agus Fuinneamh ó Dhramhaíl.
15.2. Mar atá: Ola Gháis Teasa agus Eile	Ola éadrom teasa d'úsáidí tionscail agus tráchtála, díosal do shoithí mara agus díosal a úsáidtear i dtrácht iarnróid, ola gháis eile lena n-áirítear olaí troma gáis a dhriogann idir 380 °C agus 540 °C agus a úsáidtear mar stoic chothaithe pheitricemiceacha.
16. Ola Bhreosla	Gach ola bhreosla iarmharach (trom) (lena n-áirítear iad sin a fhaightear trí chumasc). Bíonn an tsalodacht chinéimiteach os cionn 10 cSt ag 80 °C. Bíonn an splancphointe i gcónaí os cionn 50 °C agus bíonn an dlús i gcónaí os cionn 0,90 kg/l.
16.1. Mar atá: Cion Íseal Sulfair	Ola bhreosla throm ina bhfuil cion sulfair is lú ná 1 %.
16.2. Mar atá: Cion Ard Sulfair	Ola bhreosla throm ina bhfuil cion sulfair 1 % nó níos mó.

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
17. Biotáille Bhán agus FPS	Driogáití idirmheánacha scagtha ag a bhfuil driogadh i réimse nafta/ceirisín. Déanfar iad a fhoroinnt mar seo a leanas: — Biotáille Thionsclaíoch (FPS): Olaí éadroma a dhriogann idir 30 °C agus 200 °C. Tá 7 nó 8 ngrád de bhíotáille thionsclaíoch ann, ag brath ar shuíomh na deighilte sa réimse driogtha. Déantar na gráid a shainmhíniú de réir na héagsúlachta teochta idir na pointí driogtha de thoir 5 % agus de thoir 90 % (nach airde ná 60 °C). — Biotáille Bhán: Biotáille thionsclaíoch ag a bhfuil splanpoinnte os cionn 30 °C. Is 135 °C go 200 °C an réimse driogtha do bhíotáille bhán.
18. Bealaí	Hidreacarbóin a tháirgtear ó fhotháirge driogáite; úsáidtear iad go príomhúil chun frithchuímilt idir dromchlaí imthaca a laghdú. Áirítear leo gach grád d'ola bhealaithe, ó ola feansaide go hola sorcóra, agus iad sin a úsáidtear i ngréisí, in olaí mótaí agus i ngach grád de stoic olabhunacha bhealaithe.
19. Biotúman	Hidreacarbón soladach, leathsholadach nó slaodach ag a bhfuil struchtúr collóideach, atá ar dhath donn go dubh, agus a fhaightear mar iarmhar i ndriogadh amhola, trí fholúsdriogadh iarmhar ola ó dhriogadh atmaisféarach. Tagraítear do bhíotúman go minic mar asfalt agus úsáidtear go príomha é i ndéanamh bóithre agus le haghaidh ábhar dín. Áirítear leis biotúman sreabhaithe agus siartha.
20. Céireacha pairifín	Is hidreacarbóin alafatacha sháithithe iad seo. Is iarmhair iad na céireacha seo a eastóscar nuair a bhaintear an chéir as olaí bealaí. Tá struchtúr criostalach acu atá mín a bheag nó a mhór de réir an ghráid. Is iad seo a leanas a bpríomhthréithe: tá siad éadathach, neamhbholaitheach agus tréshoilseach, agus tá leáphointe os cionn 45 °C acu.
21. Cóc Peitriiliam	Fotháirge soladach dubh, a fhaightear go príomha trí stoc cothaithe a dhíorthaítear ó pheitriiliam, folúsghrinnill, tarra agus pic a chnagadh agus a charbónú i bpróisis amhail cóc moillithe nó cóc sreabháin. Is éard atá ann go príomha carbón (90 go 95 %) agus tá cion íseal luatha aige. Úsáidtear é mar stoc cothaithe in oighinn chóic i dtionscal na cruach, chun críocha téimh, chun leictreoidí a mhonarú agus chun ceimiceáin a tháirgeadh. Is 'cóc glas' agus 'cóc cailceanáite' an dá cháilíocht is tábhachtaí. Áirítear leis 'cóc catalaíoch' arna thaisceadh ar an gcatalaíoch le linn próiseas scagtha; níl an cóc seo inghnóthaithe agus de ghnáth dóitear é mar bhreosla scaglainne.
22. Táirgí eile	Gach táirge nach luaitear go sonrath thuas, mar shampla: tarra agus sulfar. Áirítear leo hidreacarbóin aramatacha (e.g. BTX nó beinséin, tolúein agus xiléin) agus olaifíní (e.g. próipiléin) a tháirgtear laistigh de scaglanna.

4.2. Liosta na gcomhiamlán

Déanfar liosta na gcomhiamlán seo a leanas a dhearbhu do na táirgí fuinnimh go léir a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

4.2.1. Earnálacha an tSoláthair agus an Chlaochlaithe

Ní bheidh feidhm ag an tábla seo ach amháin maidir le hamhola, LGN, stoic chothaithe scaglainne, breiseáin, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile:

1.	Táirgeacht Dhúchasach Neamhbhainteach maidir le stoic chothaithe scaglainne nó maidir le bithbhreoslaí.
2.	Ó Fhoinsí Eile Breiseáin, Bithbhreoslaí agus Hidreacarbóin eile, a bhfuil a dtáirgeadh folaithe i gcomharduithe breoslaí eile. Neamhbhainteach maidir le hamhola, maidir le LGN agus maidir le stoic chothaithe scaglainne.
2.1.	Mar atá: ó Ghual Áirítear leis leachtanna a tháirgtear ó ghléasraí leachtaithe guail, aschur leachta ó oighinn chóic.
2.2.	Mar atá: ó Ghás Nádúrtha D'fhéadfadh sé go mbeadh gás nádúrtha ag teastáil mar stoc cothaithe chun gásailín sintéiseach a mhonarú. Déanfar méid an gháis a bheidh ag teastáil do mhonarú meatánóil a dhearbhu de réir Chaibidil 2, cé go ndéanfar fáiltais meatánóil a dhearbhu anseo.

-
- 2.3. Mar atá: ó Fhuinneamh inathnuaite
Áirítear leis bithbhreoslaí a bheidh le cumasc le breoslaí iompair.
Déanfar táirgeacht a dhearbhu de réir Chaibidil 5, agus déanfar méideanna atá le cumasc a dhearbhu anseo.
-
3. Cúlreabha ón Earnáil Pheitriceimiceach
Táirgí críochnaithe nó leathchríochnaithe a aischiúir ó na tomhaltóirí deiridh chuig scaglanna lena bpróiseáil, lena gcumasc nó lena ndíol. Is fotháirgí de mhonarú peitriceimiceach iad de ghnáth.
Neambhbhainteach ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne.
-
4. Táirgí Aistrithe
Táirgí peitriiliam allmhairithe a dhéanfar a athaicmiú mar stoic chothaithe lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh.
Neambhbhainteach ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne.
-
5. Allmhairí agus onnmhairí
Áirítear leo cainníochtaí amhola agus táirgí arna n-allmhairiú nó arna n-onnmhairiú faoi chomhaontuithe próiseála (i.e. scagadh ar chuntas). Ba cheart amhola agus LGNanna a thuairisciú mar chainníochtaí a tháinig ó thír an chéad tionscnaimh; ba cheart stoic chothaithe scaglainne agus táirgí críochnaithe a thuairisciú mar stoic agus mar tháirgí a tháinig ó thír an choinsínithe deiridh.
Áirítear leo aon leachtanna gáis (e.g. GPL) a eastósctar le linn athghásúchán a dhéanamh ar ghás nádúrtha leachtaithe allmhairithe agus táirgí peitriiliam a allmhairíonn nó a onnmhairíonn an earnáil pheitriceimiceach go díreach.
Tabhair ar aird: Ba cheart gach trádáil i mbithbhreoslaí, nach mbeidh cumasicthe le breoslaí iompair (i.e. ina bhfoirm íon), a thuairisciú sa Cheistiúchán maidir le Fuinneamh Inathnuaite.
Maidir le hathonnmhairí ola arna n-allmhairiú lena bpróiseáil laistigh de limistéir faoi bhanna, ba cheart iad a áireamh mar onnmhairé táirge ón tír phróiseála go dtí an ceann scríbe críochnaitheach.
-
6. Úsáid Dhíreach
Amhola, LGN, Breiseáin agus Ocsaigiónáití (agus an chuid ar bithbhreoslaí í), agus hidreacarbóin eile a úsáidtear go díreach gan iad a phróiseáil i scaglanna peitriiliam.
Folaítear amhola a dhóitear chun leictreachas a ghiniúint.
-
7. Athruithe ar Stoic
Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dheimhneach.
-
8. Iontógáil Ríofa Scaglainne
Méid iomlán an táirge arna ríomh mar mhéid a chuaigh isteach sa phróiseas scaglainne. Sainmhínítear é mar seo a leanas:
Táirgeacht dhúchasach + Ó fhoinsí eile + Cúlreabha ó thionscal + Táirgí aistrithe + Allmhairí – Onnmhairí – Úsáid dhíreach + Athruithe ar Stoc
-
9. Difríochtaí Staidrimh
Sainmhínítear iad mar iontógáil ríofa scaglainne lúide iontógáil bhreathnaithe scaglainne.
-
10. Iontógáil Bhreathnaithe Scaglainne
Méideanna arna dtomhas mar ionchur chuig scaglanna
-
11. Cailteanais Scaglainne
An difríocht idir Iontógáil scaglainne (breathnaithe) agus Oll-aschur scaglainne. Féadfaidh cailteanais tarlú i rith na bpróiseas driogtha mar gheall ar ghalú. Cuirfear an comhartha móide le cailteanais thuairiscithe. Féadfaidh gnóchain thoirtmhéadracha a bheith ann ach ní fhéadfaidh gnóchain i mais a bheith ann.
-
12. Stoic Iomlána Tosaigh agus Deiridh ar Chríoch Náisiúnta
Gach stoc ar chríoch náisiúnta, lena n-áirítear stoic arna sealbhú ag rialtais, ag mórtomhaltóirí nó ag eagraíochtaí stocshealbháíochta, stoic arna sealbhú ar bord soithí farraige ag teacht isteach, stoic arna sealbhú i limistéir faoi bhanna agus stoic arna sealbhú do dhaoine eile, cibé acu faoi chomhaontú déthaobhach rialtais nó ar shlí eile. Tagraíonn tosaigh agus deiridh don chéad lá agus don lá deiridh faoi seach den tréimhse thuairiscithe.
-
13. Glanluach Calrach
Táirgeacht, allmhairí agus onnmhairí agus meán foriomlán.
-

Ní bheidh feidhm ag an tábla seo a leanas ach amháin maidir le táirgí críochnaithe (Gás Scaglainne, Eatán, GPL, Nafta, Gásailín mótaí, Gásailín eitlíochna, Scaird-bhreosla de chineál gásailíneach, Scaird-bhreosla de chineál ceirisíneach, Ola Gháis/Ola Dhíosail, Ola bhreosla de shulfar ard agus Ola bhreosla de shulfar íseal, Biotáille Bhán agus FPS, Bealaí, Biotúman, Céireacha pairifín, Cóc peitriiliam agus Táirgí eile). Ba cheart amhola agus LGN a dhófar go díreach a áireamh i seachadtaí táirgí críochnaithe agus in aistrithe idirtháirge:

-
1. Fáltais Táirgí Príomhúla
Áirítear leo cainníochtaí amhola dúchasáí nó allmhairithe (lena n-áirítear comhdhlútháit) agus LGNanna dúchasacha a úsáidtear go díreach gan iad a phróiseáil i scaglann pheitriiliam agus cainníochtaí Cúlreabha ón tionscal Peitricéimiceach, ar cainníochtaí iad a úsáidtear go díreach cé nach breoslaí príomhúla iad.

 2. Oll-aschur Scaglainne
Táirgí críochnaithe a tháirgeadh i scaglann nó i ngléasra cumaisc.
Ní áirítear leis sin cailteanais scaglainne ach áirítear Breosla scaglainne.

 3. Táirgí Athchúrsáilte
Táirgí críochnaithe a théann tríd an líonra margaíochta den dara huair, tar éis iad a bheith seachadta chuig na tomhaltóirí deiridh uair amháin (e.g. bealaí úsáidte a dhéanfar a athphróiseáil). Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na cainníochtaí seo agus Cúlreabha peitricéimiceacha.

 4. Breosla Scaglainne
Táirgí peitriiliam arna gcaitheamh chun tacú le hoibriú scaglainne.
Ní áirítear leis sin táirgí a úsáideann cuideachtaí ola lasmuigh den phróiseas scagtha, e.g. umair nó tancaeir ola.
Áirítear breoslaí a úsáidtear chun leictreachas agus teas arna dhíol a tháirgeadh sna scaglanna.

 - 4.1. Mar atá: a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint
Méideanna a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint i ngléasraí i scaglanna.

 - 4.2. Mar atá: a úsáidtear chun TCÉ a tháirgeadh
Méideanna a úsáidtear i ngléasraí TCÉ i scaglanna.

 5. Allmhairí agus Onnmhairí

 6. Umair Mhuirí Idirnáisiúnta

 7. Aistrithe Idirtháirgí
Cainníochtaí a athaicmítear toisc gur athraigh a sonraíocht nó toisc go ndearnadh iad a chumasc ina dtáirge eile.
Déanfar iontráil dhiúltach le haghaidh táirge amháin a chúiteamh le hiontráil dheimhneach (nó roinnt iontrálacha) le haghaidh táirge amháin nó roinnt táirgí agus vice versa; ba cheart gurb ionann an ghlanéifeacht iomlán agus nialas.

 8. Táirgí Aistrithe
Táirgí peitriiliam allmhairithe a athaicmeofar mar stoic chothaithe lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh.

 9. Athruithe ar Stoic
Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dheimhneach.

 10. Ollsheachadtaí Ríofa Intíre
Sainmhínítear iad seo mar a leanas:
Fáltais táirgí príomhúla + Oll-aschur scaglainne + Táirgí athchúrsáilte – Breosla scaglainne + Allmhairí – Onnmhairí – Umair mhuirí idirnáisiúnta + Aistrithe Idirtháirge – Táirgí aistrithe + Athruithe ar stoic

 11. Dífriocht Staidrimh
Sainmhíneofar é mar ollsheachadadh ríofa intíre lúide an t-ollsheachadadh breathnaithe intíre.

 12. Ollsheachadtaí Breathnaithe Intíre
Seachadadh breathnaithe táirgí peitriiliam críochnaithe ó fhoinsí príomhúla (e.g. scaglanna, gléasraí cumaisc, etc.) chuig an margadh intíre.
D'fhéadfadh an figiúr seo a bheith éagsúil leis an bhfigiúr ríofa mar gheall ar dhífriochtaí clúdaigh, mar shampla, agus/nó dífriochtaí sainmhínte i gcórais éagsúla tuairiscithe.

 - 12.1. Mar atá: Ollsheachadtaí chuig an Earnáil Pheitricéimiceach
Cainníochtaí breoslaí arna seachadadh chuig an Earnáil pheitricéimiceach.

-
- 12.2. Mar atá: Úsáid Fuinnimh san Earnáil Pheitriceimiceach
Cainníochtaí ola a úsáidtear mar bhreosla le haghaidh próiseas peitriceimiceach amhail cnagadh gaile.
-
- 12.3. Mar atá: Úsáid Neamhfuinnimh san Earnáil Pheitriceimiceach
Cainníochtaí ola a úsáidtear san earnáil pheitriceimiceach chun eitéilín, próipiléin, búitiléin, gás sintéise, hidreacarbóin aramatacha, bútaidhé-éin agus amhábhair hidreacarbón-bhunaithe eile a tháirgeadh i bpróisis amhail cnagadh gaile, gléasraí hidreacarbón aramatach agus athfhoirmiú gaile. Ní áirítear leis sin méideanna ola a úsáidtear chun críocha breosla.
-
13. Cúlreabha ón Earnáil Pheitriceimiceach chuig Scaglanna
-
14. Leibhéil Stoc Tosaigh agus Deiridh
Gach stoc ar chríoch náisiúnta, lena n-áirítear stoic arna sealbhú ag rialtais, ag mórtiomhaltóirí nó ag eagraíochtaí stocshealbhaíochta, stoic arna sealbhú ar bord soithí farraige ag teacht isteach, stoic arna sealbhú i limistéir faoi bhanna agus stoic arna sealbhú do dhaoine eile, cibé acu faoi chomhaontú déthaobhach rialtais nó ar shlí eile. Tagraíonn tosaigh agus deiridh don chéad lá agus don lá deiridh faoi seach den tréimhse thuairiscithe.
-
15. Athruithe ar Stoic ag Fónais Phoiblí
Athruithe ar stoic arna sealbhú ag fónais phoiblí agus nach n-áirítear i leibhéil Stoic agus in Athruithe ar Stoic a thuairiscítear in aon áit eile. Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dheimhneach.
Folaítear Amhola agus LGN a dhófar go díreach, más infheidhme.
-
16. Glanluach Calrach Ollsheachadtaí Intíre
-

Maidir le hearnáil an chlaochlaithe, beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le gach breosla, seachas stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigiónáití, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile, ach áirítear breoslaí a úsáidtear chun críocha neamhfuinnimh (cóc peitriam agus eile, a dhearbhfófar go leithleach):

-
1. Earnáil an Chlaochlaithe ina hiomláine
Cainníochtaí iomlána breoslaí a úsáidtear don tiontú príomhúil nó tánaisteach fuinnimh.
-
- 1.1. Mar atá: Gléasraí Leictreachais na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
-
- 1.2. Mar atá: Gléasraí Leictreachais Uath-tháirgeoirí
-
- 1.3. Mar atá: Gléasraí TCÉ na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
-
- 1.4. Mar atá: Gléasraí TCÉ Uath-tháirgeoirí
-
- 1.5. Mar atá: Gléasraí Teasa na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
-
- 1.6. Mar atá: Gléasraí Teasa Uath-tháirgeoirí
-
- 1.7. Mar atá: Oibreacha Gáis/Gléasraí Gásúcháin
-
- 1.8. Mar atá: Gás Nádúrtha Cumaiscthe
-
- 1.9. Mar atá: Oighinn Chóic
-
- 1.10. Mar atá: Foirnéisí Soinneáin
-
- 1.11. Mar atá: An Tionscal Peitriceimiceach
-
- 1.12. Mar atá: Gléasraí Breosla Paitinne
-
- 1.13. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Claochlú
-

4.2.2. An Earnáil Fuinnimh

Maidir leis an earnáil fuinnimh, beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le gach breosla, seachas stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigiónáití, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile, ach áirítear breoslaí a úsáidtear chun críocha neamhfuinnimh (cóc peitriam agus eile, a dhearbhfófar go leithleach):

-
1. An Earnáil Fuinnimh ina hiomláine
An chainníocht iomlán a úsáidtear mar fhuinneamh san earnáil fuinnimh
-
- 1.1. Mar atá: Mianaigh Ghuail
-

-
- 1.2. Mar atá: Eastóscadh Ola agus Gáis

 - 1.3. Mar atá: Oighinn Chóic

 - 1.4. Mar atá: Foirnéisí Soinneáin

 - 1.5. Mar atá: Oibreacha Gáis

 - 1.6. Mar atá: Gléasraí Cumhachta
Gléasraí Leictreachais, TCE agus teasa

 - 1.7. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Fuinneamh

 - 2. Cailteanais Dáilte
Cailteanais a tharlaíonn lasmuigh den scaglann mar gheall ar iompar agus ar dháileadh.
Áirítear cailteanais ó phíblíne.

4.2.3. Críochúsáid fuinnimh a shonrú

Maidir le críochúsáid fuinnimh a shonrú, beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le gach breosla, seachas stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigionáití, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile, ach áirítear breoslaí a úsáidtear chun críocha neamhfhuinnimh (cóc peitriam agus eile, a dhearbhfófar go leithleach):

-
- 1. Tomhaltas Deiridh Fuinnimh

 - 2. Earnáil an Tionscail

 - 2.1. Mar atá: Iarann agus Cruach

 - 2.2. Mar atá: Ceimiceach agus Peitricimiceach

 - 2.3. Mar atá: Miotail Neamhfheiriúla

 - 2.4. Mar atá: Mianraí Neamh-Mhiotalacha

 - 2.5. Mar atá: Trealamh Iompair

 - 2.6. Mar atá: Innealra

 - 2.7. Mar atá: Mianadóireacht agus Cairéalacht

 - 2.8. Mar atá: Bia, Deochanna agus Tobac

 - 2.9. Mar atá: Laíon, Páipéar agus clódóireacht

 - 2.10. Mar atá: Adhmad agus Táirgí Adhmaid

 - 2.11. Mar atá: Foirgníocht

 - 2.12. Mar atá: Teicstíl agus Leather

 - 2.13. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Tionscal

 - 3. Earnáil an Iompair

 - 3.1. Mar atá: Eitlíocht Idirnáisiúnta

 - 3.2. Mar atá: Eitlíocht Intíre

 - 3.3. Mar atá: Bóthar

 - 3.4. Mar atá: Iarnród

 - 3.5. Mar atá: Loingseoireacht Intíre

 - 3.6. Mar atá: Iompar trí Phíblíne

 - 3.7. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Iompar

 - 4. Earnálacha Eile

 - 4.1. Mar atá: Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí

-
- 4.2. Mar atá: Teaghaisí Cónaithe

 - 4.3. Mar atá: Talmhaíocht/Foraoiseacht

 - 4.4. Mar atá: Iascaireacht

 - 4.5. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Eile

 - 5. Úsáid Neamhfuinnimh ina hiomláine
Cainníochtaí arna n-úsáid mar amhábhair sna hearnálacha éagsúla agus nach gcaithtear mar bhreosla nó nach gclaochlaítear ina mbreosla eile. Áireofar na cainníochtaí seo sna comhiomláin a liostaítear thuas.

 - 5.1. Mar atá: Earnáil an Chlaochlaithe

 - 5.2. Mar atá: an Earnáil Fuinnimh

 - 5.3. Mar atá: Earnáil an Iompair

 - 5.4. Mar atá: Earnáil an Tionscail

 - 5.4.1. Earnáil an Tionscail, mar atá: Ceimiceach (lena n-áirítear Peitricemiceach)

 - 5.5. Mar atá: Earnálacha Eile

4.2.4. *Allmhairí agus onnmhairí*

Allmhairí de réir tíre tionscnaimh, agus onnmhairí de réir tíre cinn scríbe. Féach freisin nótaí faoi phointe 4.2.1, comhiomlán 5.

4.2.5. *Ionchuir chuig uath-tháirgeoirí giniúna leictreachais agus teasa*

Déanfar ionchuir chuig uath-tháirgeoirí giniúna leictreachais agus teasa a dhearbhu go leithleach do ghléasraí leictreachais amháin, do ghléasraí TCE, agus do ghléasraí teasa amháin.

Ní áirítear na táirgí fuinnimh seo a leanas: stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigionáití, bithbhreoslaí, hidreacarbóin eile, eatán, gásailín mótaí, bithghásailín, gásailín eitlíochta, scaird-bhreosla de chineál gásailíneach, (scaird-bhreosla de chineál nafta nó JP4), biotáille bhán agus FPS, agus bealaí.

Tá feidhm ag ionchuir maidir leis na gléasraí nó leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

-
- 1. An Earnáil Fuinnimh ina hiomláine
An chainníocht iomlán a úsáidtear mar fhuinneamh san earnáil fuinnimh

 - 1.1. Mar atá: Mianaigh Ghuail

 - 1.2. Mar atá: Eastóscadh Ola agus Gáis

 - 1.3. Mar atá: Oighinn Chóic

 - 1.4. Mar atá: Foirnéisí Soinneáin

 - 1.5. Mar atá: Oibreacha Gáis

 - 1.6. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Fuinneamh

 - 2. Earnáil an Tionscail

 - 2.1. Mar atá: Iarann agus Cruach

 - 2.2. Mar atá: Ceimiceach agus Peitricemiceach

 - 2.3. Mar atá: Miotail Neamhfheiriúla

 - 2.4. Mar atá: Mianraí Neamh-Mhíotalacha

 - 2.5. Mar atá: Trealamh Iompair

 - 2.6. Mar atá: Innealra

 - 2.7. Mar atá: Mianadóireacht agus Cairéalacht

-
- 2.8. Mar atá: Bia, Deochanna agus Tobac
-
- 2.9. Mar atá: Laíon, Páipéar agus clódóireacht
-
- 2.10. Mar atá: Adhmad agus Táirgí Adhmaid
-
- 2.11. Mar atá: Foirgníocht
-
- 2.12. Mar atá: Teicstíl agus Leather
-
- 2.13. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Tionscal
-
3. Earnáil an Iompair
-
- 3.1. Mar atá: Iompar trí Phíblíne
-
- 3.2. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Iompar
-
4. Earnálacha Eile
-
- 4.1. Mar atá: Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí
-
- 4.2. Mar atá: Teaghaisí Cónaithe
-
- 4.3. Mar atá: Talmhaíocht/Foraoiseacht
-
- 4.4. Mar atá: Iascaireacht
-
- 4.5. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Eile
-

4.3. Aonaid tomhais

-
1. Cainníochtaí Fuinnimh 10^3 tona
-
2. Luachanna Calracha MJ/tona
-

4.4. Maoluithe agus díolúintí

Tá an Chipir díolmhaithe ó na comhiomláin arna sainiú i Roinn 4.2.3 faoi phointe 4 (Earnálacha Eile) agus faoi phointe 5 (Úsáid Iomlán Neamhfuinimh) a thuairisciú; ní bheidh ach na luachanna iomlána infheidhme.

Tá maolú trí bliana ag an gCipir, tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, maidir leis na comhiomláin arna sainiú i Roinn 4.2.3 faoi phointe 2 (Earnáil an Tionscail) agus faoi phointe 3 (Earnáil an Iompair) a thuairisciú; ní bheidh ach na luachanna iomlána infheidhme le linn tréimhse an mhaolaithe seo.

5. FUINNEAMH INATHNUAITE AGUS FUINNEAMH Ó DHRAMHAÍL

5.1. Táirgí fuinnimh is infheidhme

Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh seo a leanas:

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
1. Hidreafhuinneamh	Fuinneamh poitéinsiúil agus cinéiteach uisce arna thiontú go leictreachas i ngléasraí hidrileictreacha. Ní mór taisce pumpála a áireamh. Ní mór táirgeadh maidir le gléasraí de mhéideanna < 1 MW, 1 go < 10 MW, ≥ 10 MW agus táirgeadh ó thaisce pumpála a thuairisciú.
2. Geoiteirmeach	Fuinneamh atá ar fáil mar theas a astaítear ó fhorscreamh na talún, i bhfoirm uisce the nó gaille de ghnáth. Is é atá i gceist le táirgeadh an fuinnimh sin an difríocht idir eantalpacht an tsreabháin a tháirgtear sa táirgeadh tollphoill agus eantalpacht an tsreabháin a dhiúscaítear i ndeireadh na dála. Déantar é a shaothrú i láithreáin oiriúnacha: <ul style="list-style-type: none"> — chun leictreachas a ghiniúint trí ghal thirim nó trí sháile le heantalpacht ard a úsáid tar éis splancadh — go díreach mar theas le haghaidh téamh ceantair, talmhaíochta etc.

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
3. Grianfhuinneamh	Radaíocht na gréine arna saothrú chun uisce te a tháirgeadh agus chun leictreachas a ghiniúint. Is é atá i gceist le táirgeadh an fhuinnimh sin an teas atá ar fáil don mheán traschurtha teasa, i.e. an grianfhuinneamh ionsaitheach lúide na cailíteanais optúla agus na cailíteanais ceapadóirí. Ní áirítear grianfhuinneamh éighníomhach chun teaghaisí nó foirgnimh eile a théamh, a fhuarú nó a shoilsiú go díreach.
3.1. Mar atá: Grianfhuinneamh fhótavoltach	Solas na gréine arna thiontú go leictreachas trí úsáid a bhaint as grianchealla a bhíonn déanta go hiondúil as ábhar leathsheolta a ghineann leictreachas ar é a nochtadh don solas.
3.2. Mar atá: Fuinneamh Grianteirmeach	Féadfaidh teas ó radaíocht na gréine a bheith comhdhéanta: (a) de ghléasraí grianteirmeacha-leictreacha, nó (b) de threalamh chun uisce te tí a tháirgeadh nó chun linnte snámha a théamh go séasúrach (e.g. ceapadóirí leacaithe, de chineál teirmisíofónach go príomha).
4. Fuinneamh taoide, Tonnfhuinneamh, Fuinneamh Farraige	Fuinneamh meicniúil a dhíorthaítear ó ghluaiseachtaí taoide, tonnghluaiseacht nó sruth farraige agus a shaothraítear chun leictreachas a ghiniúint.
5. Fuinneamh Gaoithe	Fuinneamh cinéiteach gaoithe a shaothraítear chun leictreachas a ghiniúint i dtuirbíní gaoithe.
6. Dramhaíl Thionsclaíoch (neamh-inathnuaite)	Tuairiscítear dramhaíl de thionscnamh neamh-inathnuaite tionsclaíoch (solaid nó leachtanna) a dhóitear go díreach chun leictreachas agus/nó teas a tháirgeadh. Ba cheart cainníocht an bhreosla a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalaigh. Ba cheart dramhaíl thionsclaíoch inathnuaite a thuairisciú sna haicmí Bithmhais Sholadach, Bithghás agus/nó Bithbhreoslaí Leachtacha.
7. Dramhaíl Chathrach:	Dramhaíl arna táirgeadh ag teaghlaigh, ag ospidéal agus ag an earnáil threasach agus arna dó i suiteálacha sonracha, ar bhonn glanluacha chalaigh.
7.1. Mar atá: Foinsí Inathnuaite	Cion na dramhaíola cathraí is de thionscnamh bitheolaíoch.
7.2. Mar atá: Foinsí Neamh-inathnuaite	Cion na dramhaíola cathraí is de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.
8. Bithmhais sholadach:	Áirítear ábhar orgánach, neamh-iontaiseach de thionscnamh bitheolaíoch a fhéadfar a úsáid mar bhreosla chun teas a tháirgeadh nó chun leictreachas a ghiniúint. Cuimsítear leis:
8.1. Mar atá: Gualach	Iarmhar soladach ó dhriogadh deighilteach agus pireaíú adhmaid agus ábhar cothaitheach eile.
8.2. Mar atá: Adhmad, Dramhaíl Adhmaid agus Dramhaíl Sholadach Eile	Barra sainfhásta fuinnimh (poibleog, saileach etc.), an iliomad ábhar adhmaid a chuirtear ar fáil i bpróiseas tionscail (tionscal an adhmaid/an pháipéir go háirithe) nó a thagann go díreach ó fhóraoiseacht agus talmhaíocht (adhmaid tine, sliseanna adhmaid, millíní adhmaid, coirt, min sáibh, scamhacháin, sliseanna, licéar dubh etc.) mar aon le dramhaíl amháil tuí, crotail ríse, cnóshliogáin, easair éanlaithe, dríodair fionchaor brúite etc. Is dóchan an rogha teicneolaíochta is fearr don dramhaíl sholadach seo. Ba cheart cainníocht an bhreosla a úsáidtear a thuairisciú ar bhonn glanluacha chalaigh.
9. Bithghás:	Gás comhdhéanta go príomha de mheatán agus de dhé-ocsaíd charbóin a tháirgtear trí dhíleá anaeróbach ar bithmhais.
9.1. Mar atá: Gás Líonta Talún	Bithghás a fhoirmítear trí dhíleá ar dhramhaíl líonta talún.
9.2. Mar atá: Gás Slud-aigh Séarachais	Bithghás a tháirgtear ó choipeadh anaeróbach sludaigh séarachais.
9.3. Mar atá: Bithghás Eile	Bithghás a tháirgtear ó choipeadh anaeróbach sciodair ainmí agus dramhaíola i seamlais, i ngrúdlanna agus i dtionscail agrai-bhia eile.
10. Bithbhreoslaí Leachtacha	Ba cheart go mbainfeadh na cainníochtaí bithbhreoslaí leachtacha arna dtuairisciú san aicme seo leis na cainníochtaí bithbhreoslaí seachas le toirt iomlán na leachtanna a ndéanfar na bithbhreoslaí a chumas leo. Maidir le cás áirithe allmhairí agus onnmhairí bithbhreoslaí leachtacha, ní bhainfidh sé ach amháin le trádáil cainníochtaí nach mbeidh cumaiscthe le breoslaí iompair (ie. ina bhfoirm íon); ba cheart trádáil bithbhreoslaí leachtacha a chumasctar le breoslaí iompair a thuairisciú sna sonraí ola i gCaibidil 4. Is iad na bithbhreoslaí seo a leanas atá i gceist:

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
10.1. Mar atá: Bithghás-ailín	Áirítear leis an aicme seo bitheatánól (eatánól a tháirgtear ó bhithmhais agus/nó ón gcodán bith-indíghrádaithe de dhramhaíl), bithmheatánól (meatánól a tháirgtear ó bhithmhais agus/nó ón gcodán bith-indíghrádaithe de dhramhaíl), bithEBTE (éitear-búitileach-treasach-eitileach arna tháirgeadh ar bhonn bitheatánóil; is 47 % an céatadán de réir toirte de bhithEBTE a ríomhtar mar bhithbhreosla) agus bithEBTM (éitear-búitileach-treasach-meitileach arna tháirgeadh ar bhonn bithmheatánóil; is 36 % an ceatadán de réir toirte de bhithEBTM a ríomhtar mar bhithbhreosla).
10.2. Mar atá: Bithdhíosail	Áirítear leis an aicme seo bithdhíosail (eistear meitileach arna tháirgeadh ó ola glasraí nó ainmhíoch, agus atá ar cháilíocht díosail), bith-dhémheitleitear (démheitleitear arna tháirgeadh ó bhithmhais), Fischer Tropsch (Fischer Tropsch arna tháirgeadh ó bhithmhais), bithola eastósctha fhuar (ola arna tháirgeadh ó olashíol trí phróiseáil mheicniúil amháin) agus gach bithbhreosla leachtach eile a chuirtear le díosal iompair, a chumasctar le díosal iompair nó a úsáidtear go díreach mar dhíosail iompair.
10.3. Mar atá: Bithbhreoslaí Leachtacha Eile	Bithbhreoslaí leachtacha a úsáidtear go díreach mar bhreosla ach nach n-áirítear i mbithghásailín nó i mbithdhíosail.

5.2. Liosta na gcomhiomlán

Déanfar liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhu do na táirgí fuinnimh go léir a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

5.2.1. Olltáirgeadh Leictreachais agus Teasa

Ní mór leictreachas agus teas a ghintear ó na táirgí fuinnimh a luaitear i Roinn 5.1 (seachas gualach ach lena n-áirítear méid iomlán na mbithbhreoslaí leachtacha amháin) a dhearbhu go leithleach, i gcás inar cuí sin:

- do ghléasraí táirgeoirí príomhghníomhaíochta agus do ghléasraí uath-tháirgeoirí;
- do ghléasraí táirgthe leictreachais amháin, do ghléasraí táirgthe teasa amháin, agus do ghléasraí teasa agus cumhachta in éineacht (TCÉ).

5.2.2. Earnálacha an tSoláthair agus an Chlaochlaithe

Ní mór cainníochtaí táirgí fuinnimh a luaitear i Roinn 5.1 (seachas hidreachumhacht, grianfhuinneamh fótvoltach, fuinneamh ó thaoidí, ó thonnta agus ó fharraigí agus fuinneamh gaoithe) agus a úsáidtear in earnálacha an tSoláthair agus an Chlaochlaithe a dhearbhu do na comhiomláin seo a leanas:

1.	Táirgeacht
2.	Allmhairí
3.	Onnmhairí
4.	Athruithe ar Stoic Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dheimhneach.
5.	Olltomhaltas
6.	Difríochtaí Staidrimh
7.	Earnáil an Chlaochlaithe ina hiomláine Cainníochtaí fuinnimh inathnuaite agus dramhaíola a úsáidtear chun foirmeacha príomhúla fuinnimh a thiontú go foirmeacha tánaisteacha (e.g. gáis líonta talún go leictreachas) nó a úsáidtear sa chlaochlú go táirgí fuinnimh díorthaithe (e.g.: bithghás a úsáidtear mar ghás nádúrtha cumaiscthe).
7.1.	Mar atá: Gléasraí Leictreachais na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
7.2.	Mar atá: Gléasraí TCÉ na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
7.3.	Mar atá: Gléasraí Teasa na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

-
- 7.4. Mar atá: Gléasraí Leictreachais Uath-tháirgeoirí
-
- 7.5. Mar atá: Gléasraí TCÉ Uath-tháirgeoirí
-
- 7.6. Mar atá: Gléasraí Teasa Uath-tháirgeoirí
-
- 7.7. Mar atá: Gléasraí Breosla Paitinne
Cainníochtaí fuinnimh inathnuaithe agus dramhaíola a úsáidtear chun breosla paitinne a tháirgeadh. Maidir le fuinneamh inathnuaithe agus dramhaíl i gcomhair teasa agus chun trealamh a oibriú, ní mór iad a thuairisciú mar thomhaltas san earnáil Fuinnimh.
-
- 7.8. Mar atá: Gléasraí BKB/PB
Cainníochtaí fuinnimh inathnuaithe agus dramhaíola a úsáidtear chun BKB a tháirgeadh. Maidir le fuinneamh inathnuaithe agus dramhaíl i gcomhair teasa agus chun trealamh a oibriú, ní mór iad a thuairisciú mar thomhaltas san earnáil Fuinnimh.
-
- 7.9. Mar atá: Gás Oibreacha Gáis
Cainníochtaí fuinnimh inathnuaithe agus dramhaíola a úsáidtear chun gás oibreacha gáis a tháirgeadh. Maidir le fuinneamh inathnuaithe agus dramhaíl i gcomhair teasa agus chun trealamh a oibriú, ní mór iad a thuairisciú mar thomhaltas san earnáil Fuinnimh.
-
- 7.10. Mar atá: Maidir le gás nádúrtha cumaiscthe
Cainníochtaí bithghás arna gcumasc le gás nádúrtha.
-
- 7.11. Mar atá: Maidir le Cumasc le Gásailín/Díosal Mótair
Cainníochtaí bithbhreoslaí leachtacha nach ndéantar a sheachadadh le haghaidh tomhaltais dheiridh ach a úsáidtear le tairgí peitriúil eile arna dtuairisciú de réir Chaibidil 4 den Iarscríbhinn seo.
-
- 7.12. Mar atá: Gléasraí táirgthe gualaigh
Cainníochtaí adhmaid a úsáidtear i dtáirgeadh Gualaigh.
-
- 7.13. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Claochlú
-

5.2.3. An Earnáil Fuinnimh

Ní mór na cainníochtaí táirgí fuinnimh a luaitear i Roinn 5.1 (seachas hidreachumhacht, grianfhuinneamh fóta-voltach, fuinneamh ó thaoidí, ó thonnta agus ó fharraigí agus fuinneamh gaoithe) agus a úsáidtear san earnáil fuinnimh nó le haghaidh ríochtthomhaltais a dhearbhu do na comhiomláin seo a leanas:

-
1. An Earnáil Fuinnimh ina hiomláine
Fuinnimh inathnuaithe agus dramhaíl arna gcaitheamh ag an tionscal fuinnimh chun tacú le gníomhaíocht an chlaohlaithe. Mar shampla fuinnimh inathnuaithe agus dramhaíl a úsáidtear chun caidéil/comhbhrúiteoirí a théamh, a shoilsiú nó a oibriú.
Maidir le cainníochtaí fuinneamh inathnuaithe agus dramhaíola arna gclaochlú ina bhfoirm fuinnimh eile, ba cheart iad a thuairisciú faoi earnáil an Chlaohlaithe.
-
- 1.1. Mar atá: Gléasraí gásúcháin
-
- 1.2. Mar atá: Gléasraí Leictreachais Phoiblí, TCÉ agus Teasa
-
- 1.3. Mar atá: Mianaigh Ghuail
-
- 1.4. Mar atá: Gléasraí Breosla Paitinne
-
- 1.5. Mar atá: Oighinn Chóic
-
- 1.6. Mar atá: Scaglanna Peitriúil
-
- 1.7. Mar atá: Gléasraí BKB/PB
-
- 1.8. Mar atá: Gás Oibreacha Gáis
-
- 1.9. Mar atá: Foirnéisí Soinneáin
-
- 1.10. Mar atá: Gléasraí táirgthe gualaigh
-
- 1.11. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile
-
2. Caillteanas Dáilte
Gach caillteanas a tharlaíonn mar gheall ar iompar agus ar dháileadh.
-

5.2.4. *Críochúsáid fuinnimh*

Ní mór cainníochtaí táirgí fuinnimh a luaitear i Roinn 5.1 (seachas hidreachumhacht, grianfhuinneamh fótavoltach, fuinneamh ó thaoidí, ó thonnta agus ó fharraigí agus fuinneamh gaoithe) a dhearbhú do na comhiomláin seo a leanas:

1.	Tomhaltas Deiridh Fuinnimh
2.	Earnáil an Tionscail
2.1.	Mar atá: Iarann agus Cruach
2.2.	Mar atá: Ceimiceach agus Peitricemiceach
2.3.	Mar atá: Miotail Neamhfheiriúla
2.4.	Mar atá: Mianraí Neamh-Mhiotalacha
2.5.	Mar atá: Trealamh Iompair
2.6.	Mar atá: Innealra
2.7.	Mar atá: Mianadóireacht agus Cairéalacht
2.8.	Mar atá: Bia, Deochanna agus Tobac
2.9.	Mar atá: Laíon, Páipéar agus clódóireacht
2.10.	Mar atá: Adhmad agus Táirgí Adhmaid
2.11.	Mar atá: Foirgníocht
2.12.	Mar atá: Teicstíl agus Leather
2.13.	Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Tionscal
3.	Earnáil an Iompair
3.1.	Mar atá: Iarnród
3.2.	Mar atá: Bóthar
3.3.	Mar atá: Loingseoireacht Intíre
3.4.	Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Iompar
4.	Earnálacha Eile
4.1.	Mar atá: Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí
4.2.	Mar atá: Teaghaisí Cónaithe
4.3.	Mar atá: Talmhaíocht/Foraoiseacht
4.4.	Mar atá: Iascaireacht
4.5.	Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile – Eile

5.2.5. *Airíonna Teicniúla Suiteálacha*

Déanfar na toilltí giniúna leictreachais seo a leanas a dhearbhú mar thoilltí is infheidhme ag deireadh na bliana tuairiscithe:

1.	Hidreafhuinneamh Ní mór toilleadh maidir le gléasraí de mhéideanna < 1 MW, 1 go < 10 MW, ≥ 10 MW agus ó thaisce pumpála a thuiriscí, mar aon leis an toilleadh do na méideanna go léir i dteannta a chéile. Ba cheart méideanna mionsonraithe gléasraí a thuiriscíú glan ón taisce pumpála.
2.	Fuinneamh Geoteirmeach
3.	Grianfhuinneamh fótavoltach
4.	Fuinneamh Grianteirmeach

-
5. Fuinneamh taoide, Tonnfhuinneamh, Fuinneamh Farraige

 6. Fuinneamh Gaoithe

 7. Dramhaíl Thionsclaíoch (neamh-inathnuaite)

 8. Dramhaíl Chathrach

 9. Adhmaid, Dramhaíl Adhmaid agus Dramhaíl Sholadach Eile

 10. Gás Líonta Talún

 11. Gás Sludaigh Séarachais

 12. Bithghás Eile

 13. Bithbhreoslaí Leachtacha

Dearbhófar dromchla suiteáilte iomlán na gceapadóirí grianfhuinnimh.

Dearbhófar na toilltí táirgthe bithbhreosla seo a leanas:

-
1. Bithbhreoslaí Leachtacha:

 - 1.1. Mar atá: Bithghásailín

 - 1.2. Mar atá: Bithdhíosail

 - 1.3. Mar atá: Bithbhreoslaí Leachtacha Eile

5.2.6. Ionchuir chuig uath-tháirgeoirí giniúna leictreachais agus teasa

Déanfar ionchuir chuig uath-tháirgeoirí giniúna leictreachais agus teasa a dhearbhu go leithleach do ghléasraí leictreachais amháin, do ghléasraí TCÉ, agus do ghléasraí teasa amháin.

Ní mór cainníochtaí táirgí fuinnimh a luaitear i Roinn 5.1 (seachas hidreachumhacht, grianfhuinneamh fótavoltach, fuinneamh ó thaoidí, ó thonnta agus ó fharraigí agus fuinneamh gaoithe) a dhearbhu do na comhiomláin seo a leanas:

-
1. An Earnáil Fuinnimh ina hiomláine

 - 1.1. Mar atá: Gléasraí gásúcháin

 - 1.2. Mar atá: Mianaigh Ghuail

 - 1.3. Mar atá: Gléasraí Breosla Paitinne

 - 1.4. Mar atá: Oighinn Chóic

 - 1.5. Mar atá: Scaglanna Peitri Liam

 - 1.6. Mar atá: Gléasraí BKB/PB

 - 1.7. Mar atá: Gás Oibreacha Gáis

 - 1.8. Mar atá: Foirnéisí Soinneáin

 - 1.9. Mar atá: Gléasraí táirgthe gualaigh

 - 1.10. Mar atá: Nach Sonraítear in aon Áit Eile

 2. Earnáil an Tionscail

 - 2.1. Mar atá: Iarann agus Cruach

 - 2.2. Mar atá: Ceimiceach agus Peitricimiceach

 - 2.3. Mar atá: Miotail Neamhfheiriúla

5.5. **Maoluithe agus díolúintí**

Neamhbhainteach.

6. FORÁLACHA IS INFHEIDHME

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis an mbailiú sonraí a thuairiscítear i ngach caibidil roimhe seo:

1. Tréimhse thuairiscithe:

Bliain féilire (an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig).

2. Minicíocht

Bliantúil.

3. An spriodhata do tharchur sonraí

An 30 Samhain den bhliain tar éis na tréimhse tuairiscithe.

4. Formáid agus modh an tarchuir

Beidh formáid an tarchuir i gcomhréir le caighdeán idirmhalartaithe iomchuí a shonróidh Eurostat.

Is ar mhodh leictreonach a dhéanfar sonraí a tharchur nó a uaslódáil chuig an bpointe iontrála aonair do shonraí ag Eurostat.

IARSCRÍBHINN C

STADREAMH MÍÓSÚIL FUINNIMH

Tugann an Iarscríbhinn seo tuairisc ar an raon, ar na haonaid, ar an tréimhse thuairiscithe, ar an minicíocht agus ar na modúlachtaí tarchuir i ndáil le staidreamh fuinnimh a bhailiú go míósúil.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn A maidir le mínithe ar théarmaí nach dtugtar míniú sonracha orthu san Iarscríbhinn seo.

1. BREOSLAÍ SOLADACHA

1.1. Táirgí fuinnimh is infheidhme

Mura sonraítear a mhalairt beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh seo a leanas:

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
1. Gual crua	Dríodar iontaise dubh, indóite, soladach, orgánach ag a bhfuil oll-luach calrach os cionn 24 MJ/kg i riocht saor ó luaith agus ina bhfaightear an cion taise ag teocht 30 °C agus ag a bhfuil taiseachas aer coibhneasta de 96 %.
2. Lignít	Dríodar iontaise orgánach, indóite, donn go dubh, ag a bhfuil oll-luach calrach faoi bhun 24 MJ/kg i riocht saor ó luaith agus ina bhfaightear an cion taise ag teocht 30 °C agus ag a bhfuil taiseachas aer coibhneasta de 96 %.
2.1. Mar atá: Lignít dhubh	Lignít ag a bhfuil cion taise de 20 go 25 % agus cion luaithe de 9 go 13 %. Ba sa ré thánaisteach a foirmíodh lignít dhubh. Laistigh den Aontas, is í an Fhrainc amháin a tháirgeann anois í ó mhianadóireacht dhomhain in Provence.
2.2. Mar atá: Gual donn	Lignít ag a bhfuil cion taise de 40 go 70 % agus cion luaithe idir 2 agus 6 % de ghnáth; d'fhéadfadh an cion luaithe, áfach, a bheith chomh hard le 12 % ag brath ar an bhfósú. Ba sa ré threasach a foirmíodh gual donn den chuid ba mhó. Déantar an breosla seo a bhaint in oibríthe dromchla go hiondúil.
3. Móin	Dríodar indóite, nádúrtha, idir scaoilte agus comhbhrúite, bog de bhunadh plandúil agus ina bhfuil cion ard taise (nach mó ná 90 %), agus atá idir donnfhionn agus dúdhonn. Tá an sainmhíniú seo gan dochar don sainmhíniú ar fhoinsí fuinnimh inathnuaite atá i dTreoir 2001/77/CÉ agus i dTreoirlínte IPCC 2006 d'Fhardail Náisiúnta Gáis Cheaptha Teasa.
4. Breosla Paitinne	Maidir le breoslaí paitinne de ghual crua, is déantáin de chruth sonraithe iad a tháirgtear trí mhuilleáil the faoi bhrú, agus trí ábhar nasctha (pic) a chur leo.
5. Brícííní ligníte	Déantáin de chruth cothrom a tháirgtear tar éis lignít a mhionbhrú agus a thriomú, agus a mhúnláitear faoi bhrú ard gan nascairí a chur léi. Áirítear leis seo lignít thirim agus bríos ligníte.
6. Cóc a dhíorthaítear ó ghual crua	Breosla soladach saorga a dhíorthaítear ó ghual crua agus a dhéantar trí thurdhriogadh guail ina bhfuil aer in easnamh go hiomlán nó go páirteach. Áirítear leis: — Cóc crua: a fhaightear trí charbónú ag teochtaí arda, — Leathchóc: a fhaightear trí charbónú ag teochtaí ísle, — Cóc oibreacha gáis: a tháirgtear in oibreacha gáis.
7. Cóc ligníte	Iarmhar soladach a dhéantar trí thurdhriogadh ligníte ina bhfuil aer in easnamh.

1.2. Liosta na gcomhiomlán

Déantar liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhu do na táirgí fuinnimh go léir a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn A maidir le mínithe ar théarmaí nach dtugtar míniú sonracha orthu san Iarscríbhinn seo.

1.2.1. *Earnáil an tSoláthair*

Beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le gual crua, lignít iomlán agus lignít dhubh, gual donn agus móin:

-
1. Táirgeacht
-
2. Táirgí gnóthaithe
Sciodar agus scealla cairn fuíll arna ngnóthú ag mianaigh.
-
3. Allmhairí
-
- 3.1. Mar atá: allmhairí laistigh den AE
-
4. Onnmhairí
-
- 4.1. Mar atá: onnmhairí laistigh den AE
-
5. Athruithe ar Stoic
Cainníochtaí arna sealbhú ag mianaigh agus ag allmhaireoirí.
Ní áirítear stoic thomhaltóirí (e.g. stoic arna sealbhú i stáisiúin ghiniúna agus i ngléasraí cóic) seachas stoic arna sealbhú ag tomhaltóirí a allmhairíonn go díreach.
Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dheimhneach.
-
6. Seachadtaí Ríofa Intíre
Méid iomlán an táirge a ríomhtar mar mhéid a seachadadh le haghaidh tomhaltais intíre. Sainmhínítear é mar seo a leanas:
Táirgeacht + táirgí gnóthaithe + Allmhairí – Onnmhairí + Athruithe ar stoc
-
7. Seachadtaí Breathnaithe Inmheánacha
Cainníochtaí arna seachadadh chuig an margadh inmheánach. Comhionann le méid iomlán na seachadtaí chuig na cineálacha éagsúla tomhaltóirí. Féadfaidh difríocht a bheith ann idir seachadtaí ríofa agus seachadtaí breathnaithe.
-
- 7.1. Mar atá: Féinúsáid ag táirgeoirí
Úsáid inmheánach in aonaid táirgthe:
Ní áirítear tomhaltas i stáisiúin ghiniúna bhéal an tsloic, gléasraí breosla paitinne bhéal an tsloic, gléasraí oighinn chóic ná seachadtaí chuig foireann gualchan.
-
- 7.2. Mar atá: Stáisiúin ghiniúna phríomhghníomhaíochta
-
- 7.3. Mar atá: Stáisiúin ghiniúna uath-tháirgeoirí i mianaigh ghuaile
-
- 7.4. Mar atá: Gléasraí cóic
-
- 7.5. Mar atá: Gléasraí Breosla Paitinne
Cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh claoclú i ngléasraí breosla paitinne (béal an tsloic agus neamhspleách)
-
- 7.6. Mar atá: Tionscal ina iomláine (seachas an tionscal iarainn agus cruach)
-
- 7.7. Mar atá: An tionscal iarainn agus cruach
-
- 7.8. Mar atá: Eile (seirbhísí, líonta tí, etc.)
Cainníochtaí breosla chuig líonta tí (lena n-áirítear gual gualchan a sholáthraítear chuig oibrithe i mianaigh agus i ngléasraí gaolmhara) agus chuig seirbhísí (riaracháin, siopaí, etc.) agus freisin chuig earnálacha nach sonraítear in aon áit eile (téamh ceantair, iompar, etc.).
-
8. Stoic deiridh
-
- 8.1. Mar atá: Mianaigh
-
- 8.2. Mar atá: Allmhaireoirí
-
- 8.3. Mar atá: i ngléasraí cóic
Neambhbhainteach ach amháin maidir le gual crua.
-

Beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le cóc a dhíorthaítear ó ghual cruá, ó chóc ligníte, ó bhreoslaí paitinne agus ó bhricíní ligníte:

1.	Táirgeacht
2.	Allmhairí
3.	Onnmhairí
3.1.	Mar atá: onnmhairí laistigh den AE
4.	Athrú ar stoc Cainníochtaí arna sealbhú i ngléasraí cóic (cóic) agus i ngléasraí breosla paitinne (breoslaí paitinne) agus ag na hallmhairí chomh maith. Ní áirítear stoic thomhaltóirí seachas stoic arna sealbhú ag tomhaltóirí a dhéanann allmhairí go díreach. Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dheimhneach.
5.	Seachadtaí Intíre Ríofa Méid iomlán an táirge arna ríomh mar mhéid a seachadadh le haghaidh tomhaltais intíre. Sainmhínítear é mar seo a leanas: Táirgeacht + Allmhairí – Onnmhairí + Athruithe ar Stoic
6.	Seachadtaí Inmheánacha Breathnaithe Cainníochtaí arna seachadadh chuig an margadh inmheánach. Comhionann le méid iomlán na seachadtaí chuig na cineálacha éagsúla tomhaltóirí. D'fhéadfadh difríocht a bheith idir seachadtaí ríofa agus seachadtaí breathnaithe.
6.1.	Mar atá: Tionscal ina iomláine (seachas an tionscal iarainn agus cruach)
6.2.	Mar atá: An tionscal iarainn agus cruach
6.3.	Mar atá: Eile (seirbhísí, líonta tí, etc.) Cainníochtaí breosla chuig líonta tí (lena n-áirítear cóc agus breoslaí paitinne a sholáthraítear chuig oibríthe i mianaigh agus i ngléasraí gaolmhara) agus chuig seirbhísí (riaracháin, siopaí, etc.)
7.	Stoic dúnta Is éard is stoic ann cainníochtaí arna sealbhú: — ag gléasraí cóic (neambhbhainteach ach amháin maidir le cóc guail agus cóc ligníte), — ag gléasraí breosla paitinne (neambhbhainteach ach amháin maidir le breoslaí paitinne guail agus ligníte), — allmhairí.

1.2.2. Allmhairí

Maidir le lignít, cóc ligníte, breoslaí paitinne agus bricíní ligníte, ní mór méid iomlán na gcainníochtaí allmhairí ó thíortha laistigh den AE agus ó thíortha lasmuigh den AE a dhearbhú.

Maidir le gual cruá, ní mór allmhairí ó na tíortha tionscnaimh seo a leanas a dhearbhú:

1.	Cainníochtaí allmhairí ó thíortha laistigh den AE
1.1.	Mar atá: An Ghearmáin
1.2.	Mar atá: An Ríocht Aontaithe
1.3.	Mar atá: An Pholainn
1.4.	Mar atá: Tíortha eile an AE Ní mór na tíortha ábhartha a shonrú.
2.	Cainníochtaí allmhairí ó thíortha lasmuigh den AE
2.1.	Mar atá: Stáit Aontaithe Mheiriceá
2.2.	Mar atá: An Astráil
2.3.	Mar atá: An Afraic Theas
2.4.	Mar atá: Comhlathas na Stát Neamhspleách

-
- 2.4.1. Ó 2.4, mar atá: An Rúis

 - 2.4.2. Ó 2.4, mar atá: An Úcráin

 - 2.5. Mar atá: Ceanada

 - 2.6. Mar atá: An Cholóim

 - 2.7. Mar atá: An tSín

 - 2.8. Mar atá: Tíortha eile lasmuigh den AE
Ní mór na tíortha ábhartha a shonrú.

1.3. **Aonaid tomhais**

Déanfar na cainníochtaí táirgí go léir a lua in 10^3 tona.

1.4. **Maoluithe agus díolúintí**

Neamhbhainteach.

2. LEICTREACHAS

2.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Cumhdaíonn an chaibidil seo fuinneamh leictreach.

2.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Déanfar liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhú.

2.2.1. *Earnáil na Táirgeachta*

Ní mór ollchainníochtaí agus glanchainníochtaí a dhearbhú do na comhiomláin seo a leanas:

-
- 1. Táirgeacht iomlán leictreachais

 - 1.1. Mar atá: Fuinneamh núicléach

 - 1.2. Mar atá: Hidreafhuinneamh

 - 1.2.1. Ó 1.2, mar atá: an chuid den hidreafhuinneamh a tháirgtear ó thaisce pumpála

 - 1.3. Mar atá: Fuinneamh geoiteirmeach

 - 1.4. Mar atá: Gnáthfhuinneamh teirmeach

 - 1.5. Mar atá: Fuinneamh Gaoithe

Ní mór na cainníochtaí fuinnimh leictreach seo a leanas a dhearbhú freisin:

-
- 2. Allmhairí

 - 2.1. Mar atá: allmhairí ó thíortha laistigh den AE

 - 3. Onnmhairí

 - 3.1. Mar atá: onnmhairí ón AE amach

 - 4. A úsáidtear do thaisce pumpála

 - 5. A úsáidtear don mhargadh inmheánach
Sainmhínítear é seo mar seo a leanas:
Glantáirgeacht iomlán + allmhairí – onnmhairí – A úsáidtear do thaisce pumpála

Beidh feidhm ag na combhiomláin seo a leanas maidir le tomhaltas breosla i ngléasraí táirgeora príomhghníomhaíochta (feic larscríbhinn B le haghaidh sainmhíthe ar ghual crua agus ar lignít):

6.	Tomhaltas breosla iomlán i ngléasraí táirgeora príomhghníomhaíochta. An chainníocht iomlán de bhreosla a thomhlaítear chun leictreachas a ghiniúint agus chun teas lena dhíol go heisiach le tríú páirtithe a tháirgeadh freisin.
6.1	Mar atá: Gual crua
6.2	Mar atá: Lignít
6.3	Mar atá: Táirgí peitriiliam
6.4.	Mar atá: Gás nádúrtha
6.5.	Mar atá: Gás díorthaithe (is gáis mhonaraithe iad seo)
6.6.	Mar atá: Breoslaí eile

2.2.2. Stoic de bhreosla ag táirgeoirí príomhghníomhaíochta

Is éard atá i gceist le táirgeoirí príomhghníomhaíochta ná fónais phoiblí a ghineann leictreachas trí bhreoslaí a úsáid. Ní mór na stoic dúnta seo a leanas a dhearbhu (stoic ag deireadh na míosa tuairiscithe):

1.	Gual crua
2.	Lignít
3.	Táirgí peitriiliam

2.3. Aonaid tomhais

1.	Cainníochtaí fuinnimh	Leictreachas: GWh Gual crua, lignít agus táirgí peitriiliam: in 10^3 tona agus in TJ ar bhonn an ghlanluacha chialraigh. Gás nádúrtha agus gáis dhíorthaithe: TJ, ar bhonn an oll-luacha chialraigh. Breoslaí eile: TJ, ar bhonn an ghlanluacha chialraigh. Teas núicléach: TJ
2.	Stoic	10^3 tona

2.4. Maoluithe agus díolúintí

Neamhbhainteach.

3. OLA AGUS TÁIRGÍ PEITRILIAM

3.1. Táirgí fuinnimh is infheidhme

Mura sonraítear a mhalairt beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh seo a leanas, a bhfuil feidhm ag na sainmhíthe atá i gCaibidil 4 d'larscríbhinn B maidir leo: amhola, LGN, stoic chothaithe scaglainne, hidreacarbóin eile, gás scaglainne (nach bhfuil leachtaithe), eatán, GPL, nafta, gásailín mótaí, gásailín eitlíochta, scaird-bhreosla de chineál gásailíneach (scaird-bhreosla de chineál nafta nó JP4), scaird-bhreosla de chineál ceirisíneach, ceirisín eile, ola gháis/ola dhíosail (ola bhreosla dhriogáite), díosal iompair, ola gháis theasa agus eile, ola bhreosla (de chion ard sulfair agus de chion íseal sulfair araon), biotáille bhán agus PBS, bealaí, biotúman, céireacha pairifín agus cóc peitriiliam.

Más infheidhme, ní mór gásailín mótaí a dhearbhu in dhá aicme, eadhon:

- Gásailín Mótaí Gan Luaidhe: gásailín mótaí i gcás nach mbeidh comhdhúile luaidhe curtha leis chun an grádú ochtáin a fheabhsú. Féadfaidh rianta de luaidhe orgánach a bheith ann,

- Gásailín Mótair Luaidhe: gásailín mótair a mbeidh LET agus/nó LMT curtha leis chun an grádú ochtáin a fheabhsú.

Áirítear le ‘Táirgí Eile’ na cainníochtaí a fhreagraíonn don sainmhíniú i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn B) agus na cainníochtaí de bhíotáille bhán agus FPS, de bhealaí, de bhíotúman agus de chéireacha pairifín; ní cóir na táirgí seo a dhearbhu go leithleach.

3.2. Liosta na gcomhiomlán

Déanfar liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhu do na táirgí fuinnimh go léir a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalaírt.

3.2.1. Earnáil an tSoláthair

Ní bheidh feidhm ag an tábla seo ach amháin maidir le hamhola, LGN, stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ ocsaigiónáit, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile:

- | | |
|-----|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. | Táirgeacht Dhúchasach
Neambhbhainteach maidir le stoic chothaithe scaglainne. |
| 2. | Ó Fhoinsí Eile
Breiseáin, Bithbhreoslaí agus Hidreacarbóin eile, a bhfuil a dtáirgeadh folaithe i gcomharduithe breoslaí eile. Neambhbhainteach maidir le hamhola, le LGN ná le stoic chothaithe scaglainne. |
| 3. | Cúlreabha ón Earnáil Pheitriceimiceach
Táirgí críochnaithe nó leathchríochnaithe a aischuirfear ón dtomhaltóir deiridh chuig scaglanna lena bpróiseáil, lena gcumasc nó lena ndíol. Is fotháirgí de mhonarú peitriceimiceach iad de ghnáth. Neambhbhainteach ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne. |
| 4. | Táirgí Aistrithe
Táirgí peitiriliam allmhairithe a dhéanfar a athaicmiú mar stoic chothaithe lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh. Neambhbhainteach ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne. |
| 5. | Allmhairí agus onnmhairí
Áirítear cainníochtaí amhola agus táirgí arna n-allmhairiú nó arna n-onnmhairiú faoi chomhaontuithe próiseála (i.e. scagadh ar chuntas). Ba cheart amhola agus LGNanna a thuairisciú mar chainníochtaí a tháinig ó thír an chéad tionscnaimh; ba cheart stoic chothaithe scaglainne agus táirgí críochnaithe a thuairisciú mar stoic agus mar tháirgí a tháinig ó thír an choinsínithe deiridh.
Áirítear aon leachtanna gáis (e.g. GPL) a eastósctar le linn athghásúchán a dhéanamh ar tháirgí gáis nádúrtha leachtaithe allmhairithe agus ar tháirgí peitiriliam a allmhairíonn nó a onnmhairíonn an earnáil pheitriceimiceach go díreach.
Tabhair ar aird: Ba cheart gach trádáil bithbhreoslaí nach mbeidh cumaiscthe le breoslaí iompair (i.e. ina bhfoirm íon) a thuairisciú sa Cheistiúchán maidir le Fuinneamh Inathnuaite. |
| 6. | Úsáid Dhíreach
Amhola, LGN agus Hidreacarbóin Eile a úsáidtear go díreach gan iad a phróiseáil i scaglanna peitiriliam. Foláitear amhola a dhóitear chun leictreachas a ghiniúint. |
| 7. | Athruithe ar Stoic
Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dhiúltach. |
| 8. | Iontógáil Scaglainne Ríofa
Méid iomlán an táirge a ríomhtar mar mhéid a chuaigh isteach sa phróiseas scaglainne. Sainmhínítear é mar seo a leanas:
Táirgeacht dhúchasach + Ó fhoinsí eile + Cúlreabha ó thionscal + Táirgí aistrithe + Allmhairí – Onnmhairí – Úsáid dhíreach – Athruithe ar Stoc |
| 9. | Difríochtaí Staidrimh
Sainmhínítear iad mar iontógáil scaglainne ríofa lúide an iontógáil scaglainne bhreathnaithe. |
| 10. | Iontógáil Scaglainne Bhreathnaithe
Méideanna arna dtomhas mar ionchur i scaglanna |

-
11. Cailteanais Scaglainne
An difríocht idir Iontógáil scaglainne (breathnaithe) agus Oll-aschur scaglainne. Féadfaidh cailteanais tarlú i rith na bpróiseas driogtha mar gheall ar ghalú. Cuirfear an comhartha móide le cailteanais thuairiscithe. Féadfaidh gnóchain thoirtmhéadracha a bheith ann ach ní fhéadfaidh gnóchain i mais a bheith ann.
-
12. Táirgeadh ocsaigiónaítí
An chuid sin den táirgeadh nó ó fhoinsí eile ar éitir iad amhail EBTM (éitear búitileach treasach meitileach), EMAT (éitear meitileach aimileach treasach), alcóil amhail eatanól agus eistir agus a úsáidtear lena gcumasc i ngásailín agus in ola gháis.
-

Ní bheidh feidhm ag an tábla seo a leanas maidir le stoic chothaithe ná le breiseáin/ocsaigiónaítí:

-
1. Fáltais Táirgí Príomhúla
Áirítear cainníochtaí amhola dúchasaí nó allmhairithe (lena n-áirítear comhdhlútháit) agus LGNanna dúchasacha a úsáidtear go díreach gan iad a bheith próiseáilte i scaglann pheitriam agus cainníochtaí Cúlreabha ón tionscal Peitricimiceach, ar cainníochtaí iad a úsáidtear go díreach cé nach breoslaí príomhúla iad.
-
2. Oll-aschur Scaglainne
Táirgeadh na dtáirgí críochnaithe i scaglann nó i ngléasra cumaisc.
Ní áirítear cailteanais scaglainne ach áirítear Breosla scaglainne.
-
3. Táirgí Athchúrsáilte
Táirgí críochnaithe a théann tríd an líonra margaíochta den dara huair, tar éis iad a bheith seachadta chuig na tomhaltóirí deiridh uair amháin (e.g. bealaí úsáidte a dhéanfar a athphróiseáil). Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na cainníochtaí seo agus Cúlreabha peitricimiceacha.
-
4. Breosla Scaglainne
Táirgí peitriam arna gcaitheamh chun tacú le hoibriú scaglainne.
Ní áirítear táirgí a úsáideann cuideachtaí ola lasmuigh den phróiseas scagtha, e.g. umair nó tancaer ola.
Áirítear breoslaí a úsáidtear chun leitreachas agus teas arna dhíol a tháirgeadh i scaglanna.
-
5. Allmhairí agus Onnmhairí
-
6. Umair Mhuirí Idirnáisiúnta
-
7. Aistrithe Idirtháirgí
Cainníochtaí a dhéantar a athaicmiú toisc gur athraigh a sonraíocht nó toisc go ndearnadh iad a chumasc le táirge eile.
Déanfar iontráil dhiúltach le haghaidh táirge amháin a chúiteamh le hiontráil dheimhneach (nó roinnt iontrálacha) le haghaidh táirge amháin nó roinnt táirgí agus a mhalairt go cruinn; ba cheart gurb ionann an ghlanéifeacht iomlán agus nialas.
-
8. Táirgí Aistrithe
Táirgí peitriam allmhairithe a dhéanfar a athaicmiú mar stoic chothaithe lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh.
-
9. Athruithe ar Stoic
Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dhiúltach.
-
10. Ollsheachadtaí Intíre Ríofa
Sainmhínítear é sin mar seo a leanas:
Fáltais táirgí príomhúla + Oll-aschur scaglainne + Táirgí athchúrsáilte – Breosla scaglainne + Allmhairí – Onnmhairí – Umair mhuirí idirnáisiúnta + Aistrithe Idirtháirge – Táirgí aistrithe – Athruithe ar stoic
-
11. Difríochtaí Staidrimh
Sainmhínítear iad mar ollsheachadadh intíre ríofa lúide an t-ollsheachadadh intíre breathnaithe.
-
12. Ollsheachadtaí Intíre Breathnaithe
Seachadadh breathnaithe táirgí peitriam críochnaithe ó fhoinsí príomhúla (e.g. scaglanna, gléasraí cumaisc, etc.) chuig an margadh intíre.
Féadfaidh an figiúr seo a bheith éagsúil leis an bhfigiúr ríofa mar gheall ar dhifríochtaí clúdaigh, mar shampla, agus/nó mar gheall ar dhifríochtaí sainmhínithe i gcórais tuairiscithe dhifriúla.
-
- 12.1. Mar atá: Seachadtaí chuig Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta
-
- 12.2. Mar atá: Seachadtaí chuig Gléasraí Cumhachta Poiblí
-
- 12.3. Mar atá: Seachadtaí GPL Gluaisteáin
-
- 12.4. Mar atá: Seachadtaí (comhlán) chuig an Earnáil peitricimiceach
-

13. Cúlreabha ón Earnáil pheitricemiceach chuig scaglanna

14. Glanseachadtaí intíre iomlána

3.2.2. Stoic

Ní mór an stoc tosaigh agus an stoc deiridh seo a leanas a dhearbhu do na táirgí fuinnimh go léir seachas gás scaglainne:

-
1. Stoic ar chríoch náisiúnta
Stoic sna suímh seo a leanas: umair scaglainne, bulc-chríochfoirt, stór-umar píblíne, báirsí agus tancaeir cósta (i gcás ina mbeidh an calafort fágála agus an calafort cinn scríbe sa tír chéanna), tancaeir i gcalafort Ballstáit (i gcás ina mbeidh an lasta le díluchtú ag an gcalafort), umair long intíre. Ní áirítear stoic ola a choinnítear i bpíblínte, i gcarranna umar iarnróid, i gcarranna umar trucaile, in umair long farraige, i stáisiúin seirbhíse, i siopaí miondíola agus in umair ar muir.

 2. Stoic arna sealbhú do thíortha eile faoi chomhaontuithe déthaobhacha rialtais.
Stoic ar chríoch náisiúnta ach gur le tír eile iad agus a bhfuil rochtain orthu ráthaithe ag comhaontú idir na rialtais faoi seach.

 3. Stoic ar fios an ceann scríbe coigríche atá acu
Stoic nach n-áirítear i bpointe 2 agus atá ar an gcríoch náisiúnta ach gur le tír eile iad agus ar chuig tír eile atá a dtíreall. D'fhéadfadh na stoic sin a bheith suite laistigh nó lasmuigh de limistéir faoi bhanna.

 4. Stoic eile arna sealbhú i limistéir faoi bhanna
Áirítear stoic nach n-áirítear i bpointe 2 nó i bpointe 3 beag beann ar imréiteach custam a bheith faighte acu nó gan a bheith.

 5. Stoic arna sealbhú ag móorthomhaltóirí
Áirítear stoic atá faoi réir ag rialú rialtais. Ní áirítear leis an sainmhíniú seo stoic thomhaltóirí eile.

 6. Stoic arna sealbhú ar bord soithí farraige ag teacht isteach i gcalafort nó ar feistiú.
Stoic beag beann ar imréiteach custam a bheith faighte acu nó gan a bheith. Ní áirítear leis an aicme seo stoic ar bord soithí ar an mórmhuir.
Áirítear ola i dtancaeir chósta i gcás ina mbeidh a gcalafort fágála agus a gcalafort cinn scríbe sa tír chéanna. Maidir le soithí ag teacht isteach a mbeidh níos mó ná calafort díluchtaithe amháin acu, ní thabharfar tuairisc ach amháin ar an méid a dhéanfar a dhíluchtú ar chríoch na tíre tuairiscithe.

 7. Stoic arna sealbhú ag rialtas ar chríoch náisiúnta
Áirítear stoic neamh-mhíleata arna sealbhú laistigh den chríoch náisiúnta ag an rialtas, agus a bheidh ar úinéireacht nó á rialú agus á sealbhú go heisiatach ag an rialtas chun críocha éigeandála.
Ní áirítear stoic arna sealbhú ag cuideachtaí ola stáit nó fónais leictreachais nó stoic arna sealbhú go díreach ag cuideachtaí ola thar ceann rialtas.

 8. Stoic arna sealbhú ag eagraíocht stocshealbháíochta ar chríoch náisiúnta
Stoic arna sealbhú ag corparáidí poiblí agus ag corparáidí príobháideacha, ar corparáidí iad a bunaíodh chun stoic atá ann a chothabháil go heisiatach chun críocha éigeandála.
Ní áirítear stoic éigeantacha arna sealbhú ag cuideachtaí príobháideacha.

 9. Gach stoc eile arna sealbhú ar chríoch náisiúnta
Gach stoc eile a chomhlíonann na coinníollacha a thuairiscítear i bpointe 1 thuas.

 10. Stoic arna sealbhú thar lear faoi chomhaontuithe déthaobhacha rialtais
Stoic de chuid na tíre tuairiscithe ach atá á sealbhú i dtír eile, agus a bhfuil rochtain orthu ráthaithe ag comhaontú idir na rialtais faoi seach.

 - 10.1. Mar atá: Stoic rialtais

 - 10.2. Mar atá: Stoic eagraíochta sealbháíochta

 - 10.3. Mar atá: Stoic eile

 11. Stoic arna sealbhú thar lear agus arna n-ainmniú mar stoic a allmhaireofar
Stoic de chuid an stáit tuairiscithe nach n-áirítear in aicme 10 ach atá á sealbhú i stát eile agus atá ag fanacht ar allmhairiú ansin.

 12. Stoic eile arna sealbhú i limistéir faoi bhanna
Stoic eile sa chríoch náisiúnta nach n-áirítear sna haicmí thuas.

 13. Líonadh píblíne
Ola (amhola agus táirgí peitriiliam) i bpíblínte atá riachtanach chun an sreabhadh sna píblínte a chothabháil.

Ina theannta sin, ní mór miondealú ar chainníochtaí de réir tíre comhfhreagraí a dhearbhu maidir leo seo a leanas:

- stoic deiridh arna sealbhú do thíortha eile faoi chomhaontuithe déthaobhacha rialtais,
- stoic deiridh eile ar fios an ceann scríbe coigríche atá acu,
- stoic deiridh arna sealbhú thar lear faoi chomhaontuithe déthaobhacha rialtais,
- stoic deiridh eile arna sealbhú thar lear agus atá ainmnithe go deimhnitheach mar stoic a allmhaireofar isteach i gcríoch na tíre tuairiscithe.

Ciallaíonn stoic tosaigh na stoic a bheidh ann an lá deireanach den mhí díreach roimh an mhí thuairiscithe. Ciallaíonn stoic deiridh na stoic a bheidh ann an lá deireanach den mhí thuairiscithe.

3.2.3. *Allmhairí agus onnmhairí*

Allmhairí de réir tíre tionscnaimh, agus onnmhairí de réir tíre cinn scríbe.

3.3. **Aonaid tomhais**

Cainníochtaí fuinnimh: 10³ tona

3.4. **Nótaí geografacha**

Chun staidreamh a thuairisciú, agus chuige sin amháin, beidh feidhm ag soiléirithe Chaibidil 1 d'Iarscríbhinn A ach na heisceachtaí seo a leanas a bheidh ann:

1. Cuimsítear leis an Danmhairg Oileáin Fharó agus an Ghraonlainn.
2. Cuimsítear leis an Eilvéis Lichtinstéin.

3.5. **Maoluithe agus díolúintí**

Neamhbhainteach.

4. GÁS NÁDÚRTHA

4.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Sainmhínítear gás nádúrtha i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn B.

4.2. **Liosta na gcomhiamlán**

Déanfar liosta na gcomhiamlán seo a leanas a dhearbhu do na táirgí fuinnimh go léir a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

4.2.1. *Earnáil an tSoláthair*

-
1. Táirgeacht Dhúchasach
Gach táirgeacht thirim inmhargaidh laistigh de theorainneacha náisiúnta, lena n-áirítear táirgeacht amach ón gcósta. Déanfar táirgeacht a thomhas tar éis an íonúcháin agus tar éis LGNanna agus sulfar a eastóscadh. Ní áirítear leis sin cailteanais eastósctha ná cainníochtaí a chuirtear ar ais isteach, a scaoiltear amach nó a bhladhmtar.
Áirítear cainníochtaí a úsáidtear i dtionscal an gháis nádúrtha; in eastóscadh gáis, i gcórais phíblíne agus i ngléasraí próiseála.
 2. Allmhairí
-

-
3. Onnmhairí

 4. Athruithe ar Stoic
Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dhiúltach.

 5. Ollsheachadtaí Intíre Ríofa
Sainmhínítear é seo mar a leanas:
Táirgeacht dhúchasach + Allmhairí – Onnmhairí – Athruithe ar stoic

 6. Difríochtaí Staidrimh
Sainmhínítear iad mar ollsheachadadh intíre ríofa lúide an t-ollsheachadadh intíre breathnaithe.

 7. Ollsheachadtaí Intíre Breathnaithe
Áirítear gás a úsáideann tionscal an gháis i gcomhair teasa agus chun trealamh a oibriú (i.e. tomhaltas in eastóscadh gáis, sa chóras píblínte agus i ngléasraí próiseála) agus cailteanais dáilte.

 8. Leibhéal tosaigh agus deiridh stoc arna sealbhú ar chríoch náisiúnta
Cainníochtaí arna stóráil i saoráidí stórála speisialta (gáscheantar agus/nó olacheantar ídite, uiscíoch, cuas salainn, uaimheanna meastha, nó eile) mar aon le stóráil gáis nádúrtha leachtaithe. Ciallaíonn stoic tosaigh na stoic a bheidh ann an lá deireanach den mhí díreach roimh an mhí thuairiscithe. Ciallaíonn stoic deiridh na stoic a bheidh ann ar an lá deireanach den mhí thuairiscithe.

 9. Féinúsáid agus cailteanais thionscal an gháis nádúrtha
Cainníochtaí féinúsáide ag tionscal an gháis i gcomhair teasa agus chun trealamh a oibriú (i.e. tomhaltas in eastóscadh gáis, sa chóras píblínte agus i ngléasraí próiseála).
Áirítear cailteanais dáilte.

4.2.2. Allmhairí agus onnmhairí

Allmhairí de réir tíre tionscnaimh, agus onnmhairí de réir tíre cinn scríbe.

4.3. Aonaid tomhais

Ní mór cainníochtaí a dhearbhu in dhá aonad:

- i gcainníocht fhisiceach, in 10^6 m^3 , agus coinníollacha tagartha gáis á dtoimhdeadh (15 °C, 101,325 kPa)
- i gcion fuinnimh, i.e. in TJ, bunaithe ar an oll-luach calrach.

4.4. Maoluithe agus díolúintí

Neamhbhainteach.

5. FORÁLACHA IS INFHEIDHME

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis an mbailiú sonraí mar a thuairiscítear i ngach caibidil roimhe seo é:

1. Tréimhse thuairiscithe:

Mí amháin féilire.

2. Minicíocht

Míosúil.

3. An spriocdháta do tharchur sonraí

Laistigh de thrí mhí tar éis na míosa tuairiscithe.

4. Formáid agus modh an tarchuir

Beidh formáid an tarchuir i gcomhréir le caighdeán idirmhalartaithe iomchuí a shonróidh Eurostat.

Is ar mhodh leictreonach a dhéanfar sonraí a tharchur nó a uaslódáil chuig an bpointe iontrála aonair do shonraí ag Eurostat.

IARSCRÍBHINN D

STADREAMH MÍOSÚIL GEARRTHÉARMACH

Tugann an Iarscríbhinn seo tuairisc ar an raon, ar na haonaid, ar an tréimhse tuairiscithe, ar an minicíocht agus ar na modúlachtaí tarchuir maidir le bailiú míosúil gearrthéarmach sonraí staidrimh.

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn A maidir le mínithe ar théarmaí nach dtugtar míniú sonracha orthu san Iarscríbhinn seo.

1. GÁS NÁDÚRTHA

1.1. Táirgí fuinnimh is infheidhme

Is gás nádúrtha amháin a chumhdaíonn an chaibidil seo. Sainmhínítear gás nádúrtha i gCaibidil 2 d Iarscríbhinn B.

1.2. Liosta na gcomhiomlán

Déanfar liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhu.

1.	Táirgeacht
2.	Allmhairí
3.	Onnmhairí
4.	Athrú ar stoc Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dheimhneach.
5.	Soláthar Sainmhínítear é seo mar a leanas: Táirgeacht + allmhairí – onnmhairí + athrú ar stoc

1.3. Aonaid tomhais

Ní mór cainníochtaí gáis nádúrtha a dhearbhu in TJ, bunaithe ar an oll-luach calrach.

1.4. Forálacha eile is infheidhme

1. Tréimhse tuairiscithe:

Mí amháin féilire.

2. Minicíocht

Míosúil.

3. An spriocdháta do tharchur sonraí

Laistigh de mhí amháin tar éis na míosa tuairiscithe.

4. Formáid agus modh an tarchuir

Beidh formáid an tarchuir i gcomhréir le caighdeán idir-mhalartaithe iomchuí a shonróidh Eurostat.

Is ar mhodh leictreonach a dhéanfar sonraí a tharchur nó a uaslódáil chuig an bpointe iontrála aonair do shonraí ag Eurostat.

1.5. **Maoluithe agus díolúintí**

Tá an Ghearmáin díolmhaithe ón mbailiú sonraí seo.

2. LEICTREACHAS

2.1. **Táirgí fuinnimh is infheidhme**

Is leictreachas amháin a chumhdaíonn an chaibidil seo.

2.2. **Liosta na gcomhiomlán**

Déanfar liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhú.

-
- | | |
|-------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. | Táirgeacht iomlán leictreachais
Ollchainníocht iomlán leictreachais arna ghiniúint.
Áirítear féintomhaltas gléasraí cumhachta. |
| <hr/> | |
| 2. | Allmhairí |
| <hr/> | |
| 3. | Onnmhairí |
| <hr/> | |
| 4. | Ollsoláthar leictreachais
Sainítear é seo mar seo a leanas:
Táirgeacht iomlán leictreachais + allmhairí – onnmhairí |
-

2.3. **Aonaid tomhais**

Ní mór na cainníochtaí fuinnimh a lua in GWh

2.4. **Forálacha eile is infheidhme**

1. Tréimhse thuairiscithe:

Mí amháin féilire.

2. Minicíocht

Míosúil.

3. An spriodhata do tharchur sonraí

Laistigh de mhí amháin tar éis na míosa tuairiscithe.

4. Formáid agus modh an tarchuir

Beidh formáid an tarchuir i gcomhréir le caighdeán idirmhalartaithe iomchuí a shonróidh Eurostat.

Is ar mhodh leictreonach a dhéanfar sonraí a tharchur nó a uaslódáil chuig an bpointe iontrála aonair do shonraí ag Eurostat.

2.5. **Maoluithe agus díolúintí**

Tá an Ghearmáin díolmhaithe ón mbailiú sonraí seo.

3. OLA AGUS TÁIRGÍ PEITRILIAM

Tugtar “Ceistiúchán JODI” ar an mbailiú sonraí seo de ghnáth.

3.1. Táirgí fuinnimh is infheidhme

Mura sonraítear a mhalairt beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh seo a leanas, lena bhfuil feidhm ag na sainmhínte atá i gCaibidil 4 d'Iarscibhínn B: amhola, GPL, gásailín (arb éard atá ann suim na nithe seo a leanas: gásailín mótair agus gásailín eitlíochta), ceirisín (arb éard atá ann suim na nithe seo a leanas: scaird-bhreosla de chineál ceirisín agus ceirisín eile), ola gháis/ola dhíosail agus ola bhreosla (le cion ard sulfair agus le cion íseal sulfair araon).

Ina theannta sin, tá feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le ola iomlán, a chiallaíonn suim na dtáirgí seo go léir seachas amhola, agus ní mór dó táirgí peitriilam eile a áireamh amhail gás scaglainne, eatán, nafta, cóc peitriilam, biotáille bhán agus FPS, céireacha pairifín, biotúman, bealaí agus eile.

3.2. Liosta na gcomhiomlán

Déanfar liosta na gcomhiomlán seo a leanas a dhearbhu do na táirgí fuinnimh go léir a liostaítear sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

3.2.1. Earnáil an tSoláthair

Ní bheidh feidhm ag an tábla seo a leanas ach amháin maidir le hamhola:

1.	Táirgeacht
2.	Allmhairí
3.	Onnmhairí
4.	Stoc Deiridh
5.	Athrú ar stoc Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dhiúltach.
6.	Iontógáil Scaglainne Tríchur scaglainne breathnaithe.

Beidh feidhm ag an tábla seo a leanas maidir le hamhola, GPL, gásailín, ceirisín, ola gháis/ola dhíosail, ola bhreosla agus ola iomlán:

1.	Aschur Scaglainne Oll-aschur, lena n-áirítear breosla scaglainne.
2.	Allmhairí
3.	Onnmhairí
4.	Stoc Deiridh
5.	Athrú ar stoc Taispeántar méadú ar stoc mar uimhir dheimhneach agus taispeántar laghdú ar stoc mar uimhir dhiúltach.
6.	Éileamh Seachadtaí nó díolacháin chuig an margadh intíre (tomhaltas baile) móide Breosla Scaglainne móide Umair Mhuirí agus Eitlíochta Idirnáisiúnta. Áirítear Amhola in Éileamh ar Ola Iomlán.

3.3. Aonaid tomhais

Cainníochtaí fuinnimh: 10³

3.4. Forálacha eile is infheidhme

1. Tréimhse thuairiscithe:

Mí amháin féilire.

2. Minicíocht

Míósúil.

3. An spriodhata do tharchur sonraí

Laistigh de 25 lá tar éis na míosa tuairiscithe.

4. Formáid agus modh an tarchuir

Beidh formáid an tarchuir i gcomhréir le caighdeán idirmhalartaithe iomchuí a shonróidh Eurostat.

Is ar mhodh leictreonach a dhéanfar sonraí a tharchur nó a uaslódáil chuig an bpointe iontrála aonair do shonraí ag Eurostat.

3.5. **Maoluithe agus díolúintí**

Neamhbhainteach.

RIALACHÁN (CE) Uimh. 1100/2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Deireadh Fómhair 2008

maidir le díchur rialuithe a fheidhmítear ag teorainneacha Ballstát i réimse an iompair de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre

(leagan códaithe)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 71 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Leasaíodh go substaintiúil ⁽³⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 4060/89 ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le díchur rialuithe a fheidhmítear ag teorainneacha Ballstát i réimse an iompair de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre ⁽⁴⁾. Ar mhaithe le soiléire agus le réasúntacht ba chóir an Rialachán sin a chódú.
- (2) Maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar i réimse an iompair, is gné thábhachtach í de chomhbheartas an iompair faoin gConradh. Dá bhrí sin, is í aidhm an chomhbheartais sin cur le so-athraitheacht ghluaiseacht na meán iompair éagsúil laistigh den Chomhphobal.
- (3) De bhun na reachtaíochta Comhphobail agus náisiúnta atá ann i réimse an iompair de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, déanfaidh na Ballstáit seiceálacha, fíoruithe agus cigireachtaí a bhaineann le tréithe teicniúla, údaruithe agus doiciméid eile nach mór d'fheithiclí agus do shoithí uiscebhealaigh intíre a chomhlíonadh. Leanann na seiceálacha, fíoruithe agus cigireachtaí sin de bheith inchosanta i gcoitinne d'fhonn suaitheadh ar eagrú mhargadh an iompair a sheachaint agus sábháilteacht ar bhóithre agus ar uiscebhealaí intíre a áirithiú.
- (4) Faoin reachtaíocht Chomhphobail atá ann, tá saorchead ag na Ballstáit, i gcás inar mian leo, na seiceálacha, na fíoruithe agus na cigireachtaí réamhluaithe a eagrú agus a dhéanamh.

⁽¹⁾ IO C 324, 30.12.2006, lch. 47.

⁽²⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2006 (IO C 317 E, 23.12.2006, lch. 599) agus Cinneadh ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2008.

⁽³⁾ IO L 390, 30.12.1989, lch. 18.

⁽⁴⁾ Féach Iarscríbhinn II.

- (5) Féadfar na seiceálacha, na fíoruithe agus na cigireachtaí sin a dhéanamh le héifeachtacht chomhionann ar fud chríocha na mBallstát lena mbaineann agus, dá bhrí sin, níor chóir go mbeadh trasnú teorann ina chúis le hoibríochtaí den sórt sin a chur i gcrích,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le rialuithe a fheidhmíonn na Ballstáit de bhun dhlí an Chomhphobail nó de bhun an dlí náisiúnta i réimsí an iompair de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, is iompar a dhéanfar trí mheáin iompair a bheidh cláraithe nó curtha i gcúrsaíocht i mBallstát a úsáid.

Airteagal 2

Chun críche an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn 'teorainn' teorainn inmheánach laistigh den Chomhphobal nó teorainn sheachtrach, i gcás ina mbeidh trasnú tríú tír i gceist in iompar idir Bhallstáit;
- (b) ciallaíonn 'rialú' aon seiceáil, aon chigireacht, aon fhíorú nó aon fhoirmiúlacht a dhéanfaidh na húdaráis náisiúnta ag teorainneacha na mBallstát, lena gcomharthaítear stop nó srian ar shaorghluaisésacht na bhfeithiclí nó na soithí lena mbaineann.

Airteagal 3

Maidir leis na rialuithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, agus a fheidhmítear de bhun dhlí an Chomhphobail nó de bhun an dlí náisiúnta i réimse an iompair de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre idir Bhallstáit, ní fheidhmeofar iad mar rialuithe teorann ach mar chuid de na gnáthnósanna imeachta rialaithe amháin a chuirfeá i bhfeidhm ar dhóigh neamhidirdhealaitheach ar fud críche Ballstáit.

Airteagal 4

Amhail mar is gá agus nuair is gá, molfaidh an Coimisiún leasuithe ar Iarscríbhinn I chun forbairtí teicneolaíocha sa réimse a chumhdaítear faoin Rialachán seo a chur san áireamh.

Airteagal 5

Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 4060/89, arna leasú leis an Rialachán a liostaítear in Iarscríbhinn II.

Déanfar tagairtí don Rialachán arna aisghairm a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 22 Deireadh Fómhair 2008.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J.-P. JOUYET

IARSCRÍBHINN I

CUID 1

DLÍ AN CHOMHPHOBAIL

Roinn 1

Treoracha

- (a) Airteagal 6(4) de Threoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal ⁽¹⁾, lena bhforáiltear, i dtaca le comhchaighdeáin do mheacháin, go bhféadfadh feithiclí a bheith faoi réir seiceálacha randamacha agus, i dtaca le comhchaighdeáin do thoisí, nach mbeidh feithiclí faoi réir seiceálacha ach amháin i gcás ina mbeidh drochamhras nár comhlíonadh a fhorálacha;
- (b) Airteagal 3(2) de Threoir 96/96/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 1996 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le rialacha ródacmhainneachta do mhótarfeithiclí agus dá leantóirí ⁽²⁾, lena bhforáiltear go dtabharfaidh gach Ballstát aitheantas don chruthúnas a eiseofar i mBallstát eile agus a thaispeánfaidh gur ghnóthaigh feithicil triail ródacmhainneachta; tugann an gníomh aitheantais seo le tuiscint go bhféadfar fíorú ó údaráis náisiúnta a dhéanamh áit ar bith laistigh dá gcríocha;
- (c) Airteagal 2(2) de Threoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le húsáid feithiclí atá fruilithe gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar ⁽³⁾, lena leagtar síos go gcuirtear ar fáil cruthúnas gur comhlíonadh an Treoir trí líon doiciméad nach mór a bheith ar bord na feithicle fruilithe, an conradh fruilithe agus conradh fostaíochta an tiománaí;
- (d) Airteagal 3(3), (4) agus (5) de Threoir 76/135/CEE ón gComhairle an 20 Eanáir 1976 maidir le ceadúnais inseoltachta a aithint go cómhálartach, do shoithí uiscebhealaigh intíre ⁽⁴⁾, lena bhforáiltear nach mór an ceadúnas, na deimhnithe nó na húdaruithe inseoltachta a thabhairt ar aird ar éileamh ó údaráis náisiúnta;
- (e) Airteagal 17(1) de Threoir 82/714/CEE ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 1982 lena leagtar síos ceanglais theicniúla do shoithí uiscebhealaigh intíre ⁽⁵⁾, lena bhforáiltear go bhféadfaidh na Ballstáit aon tráth a sheiceáil go bhfuil deimhniú atá bailí faoi théarmaí na Treorach á iompar ag soitheach.

Roinn 2

Rialacháin

- (a) Airteagal 14 agus Airteagal 15 de Rialachán (CEE) Uimh. 684/92 ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le comhrialacha le haghaidh iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus ⁽⁶⁾, lena dtugtar teideal d'aon oifigeach cigireachta údaraithe an ticéad, an t-údarú nó an doiciméad rialaithe iompair dá bhforáiltear sa Rialachán a fhíorú agus a rialú;
- (b) Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar ⁽⁷⁾, a thugann teideal do Bhallstáit bearta a ghlacadh a chumhdaíonn, *inter alia*, córas rialaithe a eagrú chomh maith le nós imeachta agus modh do chóras rialaithe, chun a áirithiú gur comhlíonadh forálacha an Rialacháin;
- (c) Airteagal 19 de Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar ⁽⁸⁾ lena dtugtar teideal do na Ballstáit bearta a ghlacadh a chumhdaíonn, *inter alia*, seiceálacha a eagrú, an nós imeachta do sheiceálacha, agus na modhanna chun iad a dhéanamh, ar seiceálacha iad i dtaobh cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an trealamh forálacha an Rialacháin;

⁽¹⁾ IO L 235, 17.9.1996, lch. 59.

⁽²⁾ IO L 46, 17.2.1997, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 33, 4.2.2006, lch. 82.

⁽⁴⁾ IO L 21, 29.1.1976, lch. 10.

⁽⁵⁾ IO L 301, 28.10.1982, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 74, 20.3.1992, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 102, 11.4.2006, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 370, 31.12.1985, lch. 8.

- (d) Airteagal 5(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 881/92 ón gComhairle an 26 Márta 1992 maidir le rochtain ar an margadh in iompar earraí de bhóthar laistigh den Chomhphobal go críoch Ballstáit nó uaithi nó ag gabháil trí chríoch Ballstáit amháin nó trí chríocha níos mó ná Ballstáit amháin ⁽¹⁾, lena bhforáiltear go gcoinneofar cóip dhílis dheimhnithe den údarú Comhphobail san fheithicil agus go gcuirfear ar fáil í aon uair a cheanglóidh oifigeach cigireachta údaraithe amhlaidh.

CUID 2

AN DLÍ NÁISIÚNTA

- (a) Rialuithe ar cheadúnais tiomána daoine a bheidh ag tiomáint feithiclí chun earraí agus daoine a iompar
- (b) Rialuithe a bhaineann le meáin iompair d'earraí contúirteacha agus go háirithe:
- (i) Doiciméid
- Deimhniú oiliúna tiománaí
 - Treoracha sábháilteachta
 - Deimhniú formheasa (ADR nó caighdeán choibhéseacha)
 - Cóip den mhaolú, más infheidhme (ADR nó caighdeán choibhéseacha)
- (ii) Sainaitheantais na feithicle a bheidh ag iompar na n-earraí contúirteacha
- Painéal flannbhuí
 - comhréireacht
 - a chur ar an bhfeithicil
 - Lipéad contúirte ar an bhfeithicil
 - comhréireacht
 - a chur ar an bhfeithicil
 - Pláta aitheantais umair (d'umair fosaithe, in-díshuite nó d'umairchoimeádáin)
 - láithreacht agus inléiteacht
 - dáta na cigireachta deiridh
 - stampa an chomhlachta cigireachta
- (iii) Trealamh feithicle (ADR nó caighdeán choibhéseacha)
- Múchtóir dóiteáin breise
 - Trealamh speisialta
- (iv) Feithicil a luchtú
- Ró-luchtú (de réir thoilleadh an umair)
 - Daingniú pacáistí
 - Toirmeasc ar luchtú measctha

⁽¹⁾ IO L 95, 9.4.1992, lch. 1.

- (c) Rialuithe a bhaineann leis na meáin iompair d'earraí bia meatacha agus go háirithe:
- (i) Doiciméid
 - Deimhniú comhréireachta don trealamh
 - (ii) Trealamh speisialta a úsáidtear chun earraí bia meatacha a iompar
 - Pláta comhréireachta
 - Marcanna sainaithe
 - (iii) Trealamh speisialta a oibriú
 - Coinníollacha teochta.
-

*IARSCRÍBHINN II***RIALACHÁN AISGHAIRTHE MAR AON LEIS AN LEASÚ A RINNEADH AIR****(dá dtagraítear in Airteagal 5)**

Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 4060/89 (IO L 390, 30.12.1989, lch. 18)

Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 3356/91 (IO L 318, 20.11.1991, lch. 1)

IARSCRÍBHINN III

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CEE) Uimh. 4060/89	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 3a	Airteagal 4
Airteagal 4	Airteagal 6
—	Airteagal 5
Iarscríbhinn Cuid 1, Treoracha (a)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 1(a)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Treoracha (b)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 1(b)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Treoracha (c)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 1(c)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Treoracha (d)	—
Iarscríbhinn, Cuid 1, Treoracha (e)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 1(d)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Treoracha (f)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 1(e)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Rialacháin (a)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 2(a)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Rialacháin (b)	—
Iarscríbhinn, Cuid 1, Rialacháin (c)	—
Iarscríbhinn, Cuid 1, Rialacháin (d)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 2(b)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Rialacháin (e)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 2(c)
Iarscríbhinn, Cuid 1, Rialacháin (f)	Iarscríbhinn I, Cuid 1, Roinn 2(d)
Iarscríbhinn, Cuid 2	Iarscríbhinn I, Cuid 2
—	Iarscríbhinn II
—	Iarscríbhinn III

RIALACHÁN (CE, EURATOM) Uimh. 1101/2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Deireadh Fómhair 2008

maidir le sonraí atá faoi réir na rúndachta staidrimh a tharchur chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach

(leagan códaithe)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 285 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 187 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Leasáíodh go substaintiúil arís agus arís eile ⁽²⁾ Rialachán (Euratom, CEE) Uimh. 1588/90 an 11 Meitheamh 1990 ón gComhairle maidir le sonraí atá faoi réir na rúndachta staidrimh a tharchur chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach ⁽³⁾. Ar mhaithe leis an tsoiléire agus leis an réasúntacht ba cheart an Rialachán sin a chódú.
- (2) Caithfidh an Coimisiún faisnéis iomlán, iontaofa a bheith aige chun na dualgais a chuirtear de chúram air leis na Conarthaí a chomhlíonadh. D'fhonn bainistíocht éifeachtach a dhéanamh, ba cheart go mbeadh fáil ag Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, dá ngairfear 'Eurostat' anseo feasta, ar an bhfaisnéis staidrimh náisiúnta go léir a theastaíonn uathí chun an staidreamh Comhphobail a ullmhú agus chun na hanailísí iomchuí a dhéanamh.
- (3) Le hAirteagal 10 de Chonradh CE agus le hAirteagal 192 den Chonradh Euratom, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit comhall chúraimí an Chomhphobail a éascú. Is cuid den oibleagáid sin freisin gach faisnéis a theastaíonn chun na críche sin a thabhairt. Ina theannta sin, is mór an cailteanas faisnéise ar leibhéal an Chomhphobail é gan fáil a bheith ag Eurostat ar shonraí staidrimh rúnda, agus déanann sé obair achrannach d'ullmhú an staidrimh agus de na hanailísí ar an gComhphobal.
- (4) Ní bheidh aon údar feasta ag na Ballstáit chun forálacha a agairt i leith na rúndachta staidrimh, ós rud é go bhfuil sé

deimhnithe go dtugann Eurostat an ráthaíocht chéanna i leith na rúndachta staidrimh agus a thugann na hinstiúidí náisiúnta staidrimh. Tá na ráthaíochtaí sin cumhdaithe cheana, go méid áirithe, i gConarthaí an Chomhphobail, go háirithe in Airteagal 287 de Chonradh CE, in Airteagal 194(1) de Chonradh Euratom agus in Airteagal 17 de Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialachán Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach ⁽⁴⁾, agus féadfar na ráthaíochtaí a neartú le bearta cuí, arna nglacadh faoin Rialachán seo.

- (5) Ba cheart déileáil i slí éifeachtúil le haon sárú ar an rúndacht staidrimh atá cosanta ag an Rialachán seo, is cuma cé a dhéanfaidh é.
- (6) I gcás aon sárú ar na rialacha atá ina gceangal ar oifigigh agus ar sheirbhísigh eile atá ag obair do Eurostat, cibé an ndearnadh an cion go toiliúil nó trí fhaillí, dlífeair smachtbhannaí araíonaíochta a thionscnamh ina gcoinne agus, más cuí, pionóis dhlíthiúla i leith shárú na rúndachta gairmiúla, de bhun fhorálacha comhcheangailte Airteagal 12 agus Airteagal 18 den Phrótocal maidir le Pribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach.
- (7) Níl feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le sonraí staidrimh atá cumhdaithe ag an rúndacht staidrimh, i réimse inniúlachta na n-institiúidí náisiúnta staidrimh, a tharchur chuig Eurostat, ná ní dhéanann sé difear d'fhorálacha sonracha an dlí náisiúnta ná d'fhorálacha sonracha an dlí Chomhphobail a bhaineann le cineálacha eile faisnéise a chur chuig an gCoimisiún.
- (8) Tá an Rialachán seo le glacadh gan dochar d'Airteagal 296(1)(a) de Chonradh CE, lena bhforáiltear nach gceanglaítear ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála.
- (9) Beidh gá le hacmhainní daonna, le hacmhainní teicniúla agus le hacmhainní airgeadais chun forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme, agus go háirithe na forálacha sin a cheaptar chun cosaint a áirithiú do na sonraí staidrimh rúnda a tharchuirtear chuig Eurostat.

⁽¹⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2006 (IO C 317 E, 23.12.2006, lch. 600) agus Cinneadh ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2008.

⁽²⁾ Féach Iarscríbhinn I.

⁽³⁾ IO L 151, 15.6.1990, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

(10) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ⁽¹⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é is aidhm don Rialachán seo:

- (a) na húdaráis náisiúnta a údarú chun sonraí staidrimh rúnda a tharchur chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach (dá ngairfear 'Eurostat' anseo feasta);
- (b) ráthaíocht a thabhairt go nglacfaidh an Coimisiún gach beart is gá chun rúndacht na sonraí a tharchuirfeair amhlaidh a áirithiú.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach maidir leis an rúndacht staidrimh. Ní dhéanfaidh sé difear d'fhorálacha speisialta Comhphobail ná d'fhorálacha speisialta náisiúnta a bhaineann le coimirce a dhéanamh ar an rúndacht, cé is moite den rúndacht staidrimh.

Airteagal 2

Chun críocha an Rialacháin seo, sainmhínítear mar seo a leanas na téarmaí a thugtar thíos:

- (a) sonraí staidrimh rúnda: na sonraí a shainmhínítear in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle an 17 Feabhra 1997 maidir le staidreamh Comhphobail ⁽²⁾;
- (b) na húdaráis náisiúnta: na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus na comhlachtaí náisiúnta eile a bhfuil freagracht orthu as staidreamh a bhailiú agus a úsáid thar ceann na gComhphobal;
- (c) faisnéis faoi shaol príobháideach daoine nádúrtha: faisnéis faoi shaol príobháideach agus faoi shaol teaghlai gh daoine nádúrtha, mar a shainmhínítear iad sa reachtaíocht náisiúnta nó le cleachtais náisiúnta sna Ballstáit éagsúla;
- (d) úsáid chun críocha an staidrimh: úsáid chun táblaí staidrimh a thiomsú nó chun anailísí eacnamaíocha staidrimh a dhéanamh amháin; ní cheadaítear úsáid chun críocha riaracháin, chun críocha dlíthiúla ná chun críocha cánach ná chun seiceáil a dhéanamh maidir leis na haonaid a ndearnadh suirbhéireacht orthu;
- (e) aonad an staidrimh: an bunaonad a chumhdaítear leis na sonraí staidrimh a tharchuirtear chuig Eurostat;

⁽¹⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

⁽²⁾ IO L 52, 22.2.1997, lch. 1.

(f) sainaitheint dhíreach: aonad staidrimh a shainaitheint óna ainm nó óna sheoladh, nó ó uimhir aitheantais a dáileadh go hoifigiúil agus a foilsíodh;

(g) sainaitheint indíreach: go bhféadfaí céannacht aonaid staidrimh a dhéanamh amach ar shlí eile seachas ón bhfaisnéis a luaitear ag pointe (f);

(h) oifigigh Eurostat: oifigigh na gComhphobal, de réir bhrí Airteagal 1 de Rialachán Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach, atá ag obair i Eurostat;

(i) foireann eile de chuid Eurostat: seirbhísigh na gComhphobal, de réir bhrí Airteagal 2 go hAirteagal 5 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ag obair i Eurostat;

(j) scaipeadh: sonraí a sholáthar i cibé cén fhoirm: foilseacháin, rochtain ar bhunachair sonraí, micrifiseanna, cumarsáid teileafóin, etc.

Airteagal 3

1. Beidh na húdaráis náisiúnta údaraithe chun sonraí staidrimh rúnda a tharchur chuig Eurostat.

2. Ní fhéadfar rialacha náisiúnta a bhaineann leis an rúndacht staidrimh a agairt chun cosc a chur le tarchur sonraí rúnda staidrimh chuig Eurostat i gcás ina bhforálfar le gníomh de dhlí an Chomhphobail lena rialaítear staidreamh Comhphobail go dtarchuirfeair na sonraí sin.

3. Déanfar na sonraí staidrimh rúnda a tharchur chuig Eurostat, de réir bhrí mhír 2, ionas nach bhféadfar na haonaid staidrimh a shainaitheint go díreach. Ní chuirfidh sé sin bac ar inghlacthacht rialacha tarchuir is forleithne i gcomhréir le reachtaíocht na mBallstát.

4. Ní bheidh sé de cheangal ar na húdaráis náisiúnta faisnéis a bhaineann le saol príobháideach daoine nádúrtha a tharchur chuig Eurostat más rud é go bhféadfaí na daoine sin a shainaitheint go díreach nó go hindíreach leis an bhfaisnéis arna tarchur.

Airteagal 4

1. Glacfaidh an Coimisiún na bearta rialaitheacha, riaracháin, teicniúla agus eagraíochtúla go léir is gá chun rúndacht na sonraí staidrimh arna dtarchur ag ranna inniúla na mBallstát chuig Eurostat a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 3.

2. Bunóidh an Coimisiún na nósanna imeachta maidir le sonraí staidrimh rúnda a tharchur chuig Eurostat agus na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

Airteagal 5

1. Ordóidh an Coimisiún d'Ard-Stiúrthóir Eurostat a áirithiú go ndéanfar na sonraí a tharchuirfidh na húdaráis náisiúnta sna Ballstáit chuig Eurostat a chosaint. Bunóidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 7(1), na socruithe i gcomhair eagrúchán inmheánach Eurostat ionas go n-áiritheofar cosaint dá leithéid.

2. Ní bheidh rochtain ach ag oifigigh Eurostat ar na sonraí staidrimh rúnda a tharchuirfear chuig Eurostat agus is chun críocha an staidrimh amháin a fhéadfaidh siad iad a úsáid.

3. Féadfaidh an Coimisiún, áfach, rochtain ar na sonraí staidrimh rúnda a thabhairt do bhaill foirne eile de chuid Eurostat agus do dhaoine nádúrtha eile a bheidh ag obair ar conradh in áitreabh Eurostat, i gcásanna speisialta agus chun críocha an staidrimh amháin. Cinnfidh an Coimisiún na nósanna imeachta maidir leis an rochtain sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2).

4. Ní fhéadfar sonraí staidrimh rúnda a bheidh i seilbh Eurostat a scaipeadh ach nuair a bheidh siad comhcheangailte le sonraí eile i bhfoirm nach gceadóidh na haonaid staidrimh a shainaithe go díreach ná go hindíreach.

5. Ní fhéadfaidh oifigigh ná seirbhísigh eile de chuid Eurostat ná daoine nádúrtha eile a bheidh ag obair ar conradh in áitreabh Eurostat na sonraí sin a úsáid ná a scaipeadh chun críocha eile nach iad na críocha iad a leagtar síos sa Rialachán seo. Leanfaidh an toirmeasc sin de bheith infheidhme tar éis aistriú, foirceannadh seirbhíse nó scoir.

6. Beidh feidhm ag na bearta cosanta dá dtagraítear i mír 1 go mír 5 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na sonraí staidrimh rúnda go léir a gcumhdaítear a dtarchur chuig Eurostat le gníomh de dhlí an Chomhphobail lena rialáitear an staidreamh Comhphobail;
- (b) na sonraí staidrimh rúnda go léir arna dtarchur ag na Ballstáit go deonach chuig Eurostat.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 22 Deireadh Fómhair 2008.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Airteagal 6

Glacfaidh na Ballstáit, roimh an 1 Eanáir 1992, bearta iomchuí chun srian a chur le haon sárúithe ar an gceanglas maidir le sonraí staidrimh rúnda arna dtarchur i gcomhréir le hAirteagal 3 a choimeád rúnda. Bainfidh na bearta sin ar a laghad le sárúithe arna ndéanamh ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann ag oifigigh nó ag seirbhísigh eile de chuid Eurostat agus ag daoine nádúrtha eile a bheidh ag obair ar conradh in áitreabh Eurostat.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi na bearta a ghlac siad. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na Ballstáit eile.

Airteagal 7

1. Tabharfaidh Coiste um an Rúndacht Staidrimh, dá ngairfear 'an Coiste' anseo feasta, cúnaimh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 4(3) de Chinneadh 1999/468/CE.

Airteagal 8

Déanfaidh an Coiste scrúdú ar na ceisteanna a chuirfidh a chathaoirleach, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'ionadaí Ballstáit, agus a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 9

Aisghairtear leis seo Rialachán (Euratom, CEE) Uimh. 1588/90, arna leasú leis na rialacháin a liostaítear in Iarscábhinn I.

Déanfar tagairtí don Rialachán arna aisghairm a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus ba cheart iad a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscábhinn II.

Airteagal 10

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN I

An Rialachán arna aisghairm agus na leasuithe comhleánúacha a rinneadh air

Rialachán (Euratom, CEE) Uimh. 1588/90 ón gComhairle
(IO L 151, 15.6.1990, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle
(IO L 52, 22.2.1997, lch. 1).

Airteagal 21(2) amháin

Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle larscríbhinn II, pointe 4 amháin
(IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

—

IARSCRÍBHINN II

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (Euratom, CEE) Uimh. 1588/90 ón gComhairle	An Rialachán seo
Airteagal 1(1) an chéad fhleasc agus an dara fleasc	Airteagal 1(1), pointe (a) agus pointe (b)
Airteagal 1(2)	Airteagal 1(2)
Airteagal 2, pointe (1) go pointe (10)	Airteagal 2, pointe (a) go pointe (j)
Airteagal 3(1)	Airteagal 3(1)
Airteagal 3(2)	Airteagal 3(2)
Airteagal 3(3) an chéad fhomhír	—
Airteagal 3(3) an dara fomhír	Airteagal 3(3)
Airteagal 3(4)	Airteagal 3(4)
Airteagal 4(1)	Airteagal 4(1)
Airteagal 4(2)	Airteagal 5(6)
Airteagal 4(3)	Airteagal 4(2)
Airteagal 5(1) go (5)	Airteagal 5(1) go (5)
Airteagal 6	Airteagal 6
Airteagal 7(1) agus (2)	Airteagal 7(1) agus (2)
Airteagal 7(3)	—
Airteagal 8	Airteagal 8
—	Airteagal 9
Airteagal 9	Airteagal 10
—	Iarscríbhinn I
—	Iarscríbhinn II

RIALACHÁN (CE) Uimh. 1102/2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Deireadh Fómhair 2008

maidir le honnmhairithe mearcair mhíotolaigh agus comhdhúile agus meascáin áirithe de mhearcair a thoirmeasc agus maidir le mearcair míotalach a stóráil go sábháilte

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175(1) de agus maidir le hAirteagal 1 den Rialachán seo, Airteagal 133 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Aithnítear gur bagairt dhomhanda iad sceití mearcair a údaraíonn gníomh ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda.
- (2) I gcomhréir leis an gCumarsáid dar teideal ‘Straitéis Chomhphobail maidir le Mearcair’, ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir le conclúidí na Comhairle an 24 Meitheamh 2005 agus rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2006 ⁽³⁾ ar an straitéis réamhráite sin, ní foláir an riosca go mbeadh daoine agus an comhshaol faoi lé mearcair a laghdú.
- (3) Caithfear féachaint ar bhearta a ghactar ar leibhéal an Chomhphobail mar chuid d’iarracht dhomhanda chun an riosca go mbeifí faoi lé mearcair a laghdú, go háirithe faoi chuimsiú an Chláir Mearcair faoi Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe.
- (4) Eascraíonn fadhbanna comhshaoil agus fadhbanna sóisialta as dúnadh mianach mearcair sa Chomhphobal. Ba cheart go leanfaí den tacaíocht a thugtar do thionscail agus do

thionscnaimh eile ón sásra maoinithe atá ar fáil ionas go bhféadfar réitigh inmharthana i gcomhair gníomhaíochtaí áitiúla comhshaoil, fostaíochta agus eacnamaíochta a fháil do na limistéir a bhfuil difear déanta dóibh.

- (5) Ba cheart toirmeasc a chur ar onnmhairiú mearcair mhíotolaigh, méine cionnabair, clóiríde mearcair (I), ocsaíde mearcair (II) agus meascán de mhearcair míotalach le substaintí eile, lena n-áirítear cóimhiotail mhearcair ag a bhfuil tiúchan mearcair de 95 % ar a laghad meáchan ar mheáchan ón gComhphobal chun an soláthar domhanda mearcair a laghdú go suntasach.
- (6) Mar thoradh ar an toirmeasc ar onnmhairiú beidh méideanna móra mearcair de bharrachas sa Chomhphobal agus ba cheart cosc a chur lena gcur ar ais ar an margadh. Ba cheart a áirithiú, dá bhrí sin, go stóráilfaí an mearcair sin go sábháilte laistigh den Chomhphobal.
- (7) Chun foráil d’fhéidearthachtaí stórála sábháilte mearcair mhíotolaigh a mheastar gur dramhaíl é, is cuí go ndéanfaí maolú ar Airteagal 5(3)(a) de Threoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl ⁽⁴⁾ i gcás cineálacha áirithe líonta talún, agus is cuí a fhógairt nach mbeidh feidhm ag na critéir a leagtar amach i Roinn 2.4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2003/33/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena mbunaítear critéir agus nósanna imeachta maidir le glacadh le dramhaíl ag láithreáin líonta talún de bhun Airteagal 16 de Threoir 1999/31/CE ⁽⁵⁾, agus Iarscríbhinn II a ghabhann léi sin, maidir le mearcair míotalach a stóráil go sealadach ar shlí go bhféadfar é a fháil ar ais ar feadh tréimhse níos faide ná aon bhliain amháin i saoráidí os cionn talún a thiomnaítear agus a threallmhaítear chun na críche sin.
- (8) Ba cheart go mbeadh feidhm ag na forálacha eile i dTreoir 1999/31/CE maidir le gach saoráid stórála le haghaidh mearcair mhíotolaigh a mheastar gur dramhaíl é. Áirítear leis sin an ceanglas, a leagtar amach in Airteagal 8(a)(iv) den Treoir sin, go ndéanfaidh an t-iarratasóir ar chead socrú leordhóthanach, de bhíthin urrúis airgeadais nó a chomh-ionann eile, lena áirithiú go n-urscaoilfear na hoibleagáidí (lena n-áirítear soláthar iarchúraim) a thiocfaidh chun cinn faoin gcead agus go ndéanfar de réir na nósanna imeachta maidir leis an dúnadh. Ina theannta sin, tá feidhm ag Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas ⁽⁶⁾ i leith na saoráidí stórála sin.

⁽¹⁾ IO C 168, 20.7.2007, lch. 44.

⁽²⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Meitheamh 2007 (IO C 146 E, 12.6.2008, lch. 209), Comhsheasamh ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 (IO C 52 E, 26.2.2008, lch. 1) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Bealtaine 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Cinneadh ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2008.

⁽³⁾ IO C 291 E, 30.11.2006, lch. 128.

⁽⁴⁾ IO L 182, 16.7.1999, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 11, 16.1.2003, lch. 27.

⁽⁶⁾ IO L 143, 30.4.2004, lch. 56.

- (9) Chun mearcair miotalach a stóráil go sealadach ar feadh tréimhse níos faide ná aon bhliain amháin i saoráidí os cionn talún a thiomnaítear agus a threalmaítear chun na críche sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag Treoir 96/82/CE ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le rialú guaiseacha mórtionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha ⁽¹⁾.
- (10) Níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsiú dramhaíola ⁽²⁾. Ar a shon sin, d'fhonn diúscairt iomchuí mearcair mhíotolaigh a cheadú sa Chomhphobal, spreagtar na húdaráis chinn scríbe inniúla agus na húdaráis seolta inniúla gan agóid a dhéanamh in aghaidh loingsithe mearcair mhíotolaigh a mheastar gur dramhaíl é bunaithe ar Airteagal 11(1)(a) den Rialachán sin. Tugtar faoi deara nach mbeidh feidhm ag Airteagal 11(1)(a) den Rialachán sin, de réir Airteagal 11(3) de, i gcás dramhaíola guaisí a tháirgtear ina laghad sin de chainníocht go foriomlán in aghaidh na bliana i mBallstát seolta nach mbeadh sé eacnamúil suiteálacha diúscairta speisialaithe nua a sholáthar laistigh den Bhallstát sin.
- (11) D'fhonn a áirithiú go mbeidh stóráil ann atá sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol, ba cheart go ndéanfaí comhlánú ar an measúnú sábháilteachta maidir le stóráil faoi thalamh a éilítear faoi Chinneadh 2003/33/CE le ceanglais shonracha agus ba cheart go mbeadh an measúnú sin infheidhme chomh maith maidir le stóráil nach stóráil faoi thalamh í. Níor cheart go gceadófaí aon oibríocht chríochnaitheach diúscairta go dtí go nglacfar na ceanglais speisialta agus na critéir inghlacthachta. Ba cheart do na coinníollacha stórála i mianach salainn nó i bhfoirmíochtaí carraige crua go domhain faoi thalamh, a oiriúnaíodh do dhiúscairt mearcair mhíotolaigh, na prionsabail a chomhlíonadh maidir le screamhuisce a chosaint ar mhearcair, maidir le cosc a chur ar astaíochtaí gaile mearcair, maidir le neamh-thréscaoilteacht ar ghás agus ar leachtanna an limistéir mháguaird agus – i gcás buanstórála – maidir leis an dramhaíl a imchochlú go daingean ag deireadh phróiseas dífhoirmithe na mianach. Ba cheart na critéir sin a thabhairt isteach sna hiarscríbhinní a ghabhann le Treoir 1999/31/CE nuair a leasófar iad chun críche an Rialacháin seo.
- (12) Ba cheart go gcomhlíonfaí na coinníollacha stórála os cionn talún go háirithe na prionsabail maidir le hinchúlaitheacht stórála, maidir le mearcair a chosaint ar uisce meitéarach, maidir le neamh-thréscaoilteacht ar ithreacha agus maidir le cosc a chur ar astaíochtaí gaile mearcair. Ba cheart na critéir sin a thabhairt isteach sna hiarscríbhinní a ghabhann le Treoir 1999/31/CE nuair a leasófar iad chun críche an Rialacháin seo. Ba cheart a mheas gur réiteach sealadach é mearcair miotalach a stóráil os cionn talún.
- (13) Ba cheart don tionscal clór-alcaileach na sonraí ábhartha go léir a bhaineann le díchoimisiúnú na gceall mearcair ina ngléasraí a chur chuig an gCoimisiún agus chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann chun forghníomhú an Rialacháin seo a éascú. Ba cheart do na hearnálacha tionscail a ghnóthaíonn mearcair as gás nádúrtha a ghlanadh nó mar fhotháirge ó oibríochtaí mianadóireachta agus oibríochtaí bruithnithe miotail neamhfheiriúil na sonraí ábhartha a sholáthar freisin don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí.
- (14) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis maidir le ceadanna a eisítear le haghaidh saoráidí stórála agus maidir le cur i bhfeidhm agus éifeachtaí margaidh an Rialacháin seo a chur isteach, chun go bhféadfá measúnú a dhéanamh air in am trátha. Ba cheart d'allmhairí, d'onnmhairí agus d'oibreacha faisnéis a chur isteach faoi ghluaiseachtaí mearcair mhíotolaigh, méine cionnabair, clóiride mearcair (I), ocsaíde mearcair (II) agus meascán de mhearcair miotalach le substaintí eile, lena n-áirítear cóimhiotail mearcair ag a bhfuil tíúchan mearcair de 95 % ar a laghad meáchan ar mheáchan, agus faoina n-úsáid.
- (15) Ba cheart go gcinneadh na Ballstáit na pionóis a bheadh infheidhme ar sháruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus a bheadh le forchur ar dhaoine nádúrtha agus ar dhaoine dlítheanacha. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach.
- (16) Is cúí malartú faisnéise a eagrú leis na páirtithe leasmhara cúí chun measúnú a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le bearta breise a bhaineann le mearcair a onnmhairiú, a allmhairiú agus a stóráil, agus a bhaineann le comhdhúile mearcair agus le táirgí a bhfuil mearcair iontu, gan dochar do rialacha iomaíochta an Chonartha, go háirithe Airteagal 81 de.
- (17) Ba cheart go spreagfadh an Coimisiún agus na Ballstáit soláthar cúnaimh theicniúil do thíortha atá i mbéal forbartha agus do thíortha a bhfuil a ngeilleagar ag athrú, go speisialta cúnamh a éascaíonn an claonadh i dtreo teicneolaíochtaí malartacha atá saor ó mhearcair agus deireadh a chur de réir a chéile le húsáidí agus le scaoileadh mearcair agus comhdhúl mearcair.
- (18) Tá taighde leanúnach ar bun maidir le mearcair a dhiúscairt go sábháilte, lena n-áirítear na teicnící difriúla cobhsaithe nó bealaí eile chun mearcair a dhíluailiú. Ba cheart don Choimisiún an taighde seo a choinneáil faoi athbhreithniú mar thosaíocht agus tuarascáil a thíolacadh a luaithe is féidir. Tá tábhacht leis an bhfaisnéis seo óir go gcuirfidh sí bunús fóna ar fáil d'athbhreithniú ar an Rialachán seo chun a chuspóir a bhaint amach.
- (19) Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún an fhaisnéis sin san áireamh nuair a bheadh sé ag cur tuarascáil mheasúnaithe isteach chun cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann an Rialachán seo a leasú a aithint.

⁽¹⁾ IO L 10, 14.1.1997, lch. 13.

⁽²⁾ IO L 190, 12.7.2006, lch. 1.

- (20) Ba cheart go mbeadh an Coimisiún ag faire ar fhorbairtí idirnáisiúnta chomh maith maidir le soláthar mearcair agus maidir le héileamh ar mhearcair, go háirithe in idirbheartaíochtaí iltaobhacha, agus ba cheart dó tuairisc a thabhairt orthu sin chun measúnú ar chomhréireacht an chur chuige iomláin a chumasú.
- (21) Na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le mearcair miotalach a stóráil go sealadach i saoráidí áirithe dá dtagraítear anseo, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Treoir 1999/31/CE, agus an nasc díreach idir an Rialachán seo agus an Treoir sin á chur san áireamh.
- (22) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an méid atáthar faoi lé mearcair a laghdú le toirmeasc ar allmhairí agus le hoibleagáid stórála, a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr dá bhri sin, de bharr an tionchair a bheadh aige sin ar ghluaiseacht earraí agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus i bhfianaise chineál trasteorann an truaillithe mearcair, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- Toirmiscfear onnmhairiú mearcair mhiotalaigh (Hg, CAS RN 7439-97-6), méine cionnabair, clóiríde mearcair (I) (Hg₂Cl₂ CAS RN 10112-91-1), ocsaíde mearcair (II) (HgO, CAS RN 21908-53-2) agus meascán de mhearcair miotalach le substaintí eile, lena n-áirítear cóimhiotail mearcair ag a bhfuil tiúchan mearcair de 95 % ar a laghad meáchan ar mheáchan, ón gComhphobal ón 15 Márta 2011.
- Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i leith onnmhairithe na gcomhdhúl dá dtagraítear i mír 1 chun críocha taighde agus forbartha, liachta nó anailíse.
- Toirmiscfear mearcair miotalach a mheascadh le substaintí eile chun críocha mearcair miotalach a onnmhairiú, agus chun na críocha sin amháin, ón 15 Márta 2011.

Airteagal 2

Ón 15 Márta 2011, measfar gur dramhaíl iad seo a leanas agus diúscarófar iad i gcomhréir le Treoir 2006/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le dramhaíl ⁽¹⁾ ar shlí atá sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol:

- (a) mearcair miotalach nach n-úsáidtear a thuilleadh sa tionscal clór-alcaileach;

⁽¹⁾ IO L 114, 27.4.2006, lch. 9.

- (b) mearcair miotalach a fhaightear as gás nádúrtha a ghlanadh;
- (c) mearcair miotalach a fhaightear ó oibríochtaí mianadóir-eachta agus bruihnithe miotail neamhfheiriúil; agus
- (d) mearcair miotalach a eastósctar as mian chionnabair sa Chomhphobal ón 15 Márta 2011.

Airteagal 3

1. De mhaolú ar Airteagal 5(3)(a) de Threoir 1999/31/CE, féadfar mearcair miotalach a mheasfar gur dramhaíl é, in imshrianadh cuí,

- (a) a stóráil go sealadach ar feadh breis agus aon bhliain amháin nó féadfar é a stóráil go buan (oibríochtaí diúscartha D 15 nó D 12 faoi seach, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II A a ghabhann le Treoir 2006/12/CE iad) i mianaigh salainn atá oiriúnaithe do dhiúscairt mearcair, nó i bhfoirmíochtaí carraige crua go domhain faoi thalamh agus a chuireann leibhéal sábháilteachta agus leibhéal insrianaithe ar fáil atá coibhéiseach leis an leibhéal atá sna mianaigh salainn sin, nó

- (b) a stóráil go sealadach (oibríocht diúscartha D 15, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II A a ghabhann le Treoir 2006/12/CE í) ar feadh breis agus aon bhliain amháin i saoráidí os cionn talún a tiomnaíodh agus a trealmhaíodh d'fhonn mearcair miotalach a stóráil go sealadach. Sa chás seo, ní bheidh feidhm ag na critéir a leagtar amach i roinn 2.4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2003/33/CE.

Beidh feidhm ag forálacha eile Threoir 1999/31/CE agus beidh feidhm ag Cinneadh 2003/33/CE maidir le pointe (a) agus maidir le pointe (b).

2. Beidh feidhm ag Treoir 96/82/CE maidir leis na saoráidí stórála dá dtagraítear i mír 1(b) den Airteagal seo.

Airteagal 4

1. Cinnteoidh an measúnú sábháilteachta a bheidh le cur i gcrích i gcomhréir le Cinneadh 2003/33/CE maidir le diúscairt mearcair mhiotalaigh de réir Airteagal 3 den Rialachán seo go gcúmhdófar na rioscaí sonracha a eascróidh as cineál an mhearcair mhiotalaigh agus as airíonna fadtéarmacha agus as imshrianadh an mhearcair mhiotalaigh.

2. Cuirfear san áireamh sa chead dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 9 de Threoir 1999/31/CE maidir le saoráidí dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(a) agus (b) den Rialachán seo ceanglais le haghaidh amharc-chigireachtaí rialta ar na coimeádáin agus trealamh braite gaille iomchuí a shuiteáil chun aon sceitheadh a bhrath.

3. Na ceanglais le haghaidh na saoráidí dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(a) agus (b) den Rialachán seo mar aon leis na critéir inghlacthachta do mhearcair miotalach, lena leasaítear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II, agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 1999/31/CE, glactar iad i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 16 den Treoir sin. Déanfaidh an Coimisiún togra iomchuí a luaithé is féidir, agus faoin 1 Eanáir 2010 ar a dhéanaí, ina gcuirfear san áireamh toradh an mhalartaithe faisnéise de bhun Airteagal 8(1) mar aon leis an tuarascáil maidir le taighde ar na roghanna diúscartha sábháilte de bhun Airteagal 8(2).

Ní cheadófar oibríocht diúscartha chríochnaitheach ar bith (oibríocht diúscartha D 12, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II A de Threoir 2006/12/CE í) maidir le mearcair miotalach ach amháin tar éis an dáta a nglactar an leasú ar Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II, agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 1999/31/CE.

Airteagal 5

1. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin cóip d'aon chead a eisítear le haghaidh saoráide a ainmnítear chun mearcair miotalach a stóráil go sealadach nó go buan (oibríochtaí diúscartha D 15 nó D 12 faoi seach, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II A a ghabhann le Treoir 2006/12/CE iad), i dtiannta leis an measúnú sábháilteachta faoi seach de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán seo.

2. Faoin 1 Iúil 2012, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm agus maidir le héifeachtaí margaidh an Rialacháin seo ina gcríocha faoi seach. Ar iarratas ón gCoimisiún, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin isteach níos luaithe ná an dáta sin.

3. Faoin 1 Iúil 2012, déanfaidh allmhaireoirí, onnmhaireoirí agus oibreoirí na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2, de réir mar is cuí, na sonraí seo a leanas a sheoladh chuig an gCoimisiún agus chuig na húdaráis inniúla:

- (a) toirteanna, praghsanna, tír thionscnaimh agus tír chinn scríbe mar aon le húsáid bheartaithe an mhearcair mhiotalaigh a thagann isteach sa Chomhphobal;
- (b) toirteanna, tír thionscnaimh agus tír chinn scríbe an mhearcair mhiotalaigh a mheastar gur dramhaíl é agus a ndéantar trádáil trasteorann air laistigh den Chomhphobal.

Airteagal 6

1. Cuirfidh na cuideachtaí lena mbaineann sa tionscal clór-alcaileach na sonraí seo a leanas a bhaineann le díchoimisiúnú mearcair chuig an gCoimisiún agus chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann:

- (a) an meastachán is fearr den mhéid iomlán mearcair atá fós in úsáid i gcill chlór-alcaileach;

- (b) méid iomlán an mhearcair atá stóráilte sa tsaoráid;
- (c) an méid fuíollmhearcair a cuireadh chuig saoráidí stórála aonair sealadacha nó buana, mar aon le suíomh agus sonraí teagmhála na saoráidí sin.

2. Cuirfidh na cuideachtaí lena mbaineann sna hearnálacha tionscail a ghnóthaíonn mearcair as gás nádúrtha a ghlanadh nó mar fhotháirge ó oibríochtaí mianadóireachta agus bruihnithe miotail neamhfheiriúil na sonraí seo a leanas a bhaineann leis an mearcair a ghnóthaítear in aon bhliain ar leith ar fáil don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann:

- (a) méid an mhearcair a ghnóthaítear;
- (b) méid an mhearcair a cuireadh chuig saoráidí stórála aonair sealadacha nó buana mar aon le suíomh agus sonraí teagmhála na saoráidí sin.

3. Cuirfidh na cuideachtaí lena mbaineann na sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, de réir mar is infheidhme, den chéad uair faoin 4 Nollaig 2009 agus gach bliain ina dhiaidh sin faoin 31 Bealtaine.

4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a luaitear i mír 3 ar fáil go poiblí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail⁽¹⁾.

Airteagal 7

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sárúithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad. Ní fólaí do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin faoin 4 Nollaig 2009 agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 8

1. Eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara iomchuí faoin 1 Eanáir 2010. Déanfaidh an malartú faisnéise seo scrúdú, go háirithe, ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith leis na nithe seo a leanas:

- (a) síneadh a chur leis an toirmeasc onnmhairithe ar chomhdhúile mearcair eile, ar mheascáin a bhfuil méid níos ísle mearcair iontu agus ar tháirgí a bhfuil mearcair iontu, go háirithe teirmiméadair, baraiméadair agus sfig-meamanaiméadair;

⁽¹⁾ IO L 264, 25.9.2006, lch. 13.

- (b) toirmeasc allmhairithe ar mhearcair miotalach, ar chomhdhúile mearcair agus ar tháirgí a bhfuil mearcair iontu;
- (c) síneadh a chur leis an oibleagáid stórála chun mearcair miotalach ó fhoinsí eile a áireamh;
- (d) teorainneacha ama maidir le mearcair miotalach a stóráil go sealadach.

Breithneoidh an malartú faisnéise seo freisin an taighde ar na roghanna diúscartha sábháilte.

Eagróidh an Coimisiún tuilleadh malartuithe faisnéise nuair a bheidh faisnéis ábhartha nua tagtha chun cinn.

2. Coinneoidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí leanúnacha taighde maidir leis na roghanna diúscartha sábháilte, lena n-áirítear mearcair miotalach a sholadú, faoi athbhreithniú. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle faoin 1 Eanáir 2010. Ar bhonn na tuarascála sin, tólacfaidh an Coimisiún togra, más iomchuí, le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an 15 Márta 2013.

3. Déanfaidh an Coimisiún cur i bhfeidhm agus éifeachtaí margaidh an Rialacháin seo sa Chomhphobal a mheasúnú, agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 á cur san áireamh.

4. Cuirfidh an Coimisiún a luaithe agus is féidir, ach fós ag tráth nach déanaí ná an 15 Márta 2013, tuarascáil lena ngabfaidh togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle, tuarascáil ina léireofar toradh an mhalartaithe faisnéise dá dtagraítear i mír 1 agus toradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 3, agus ina ndéanfar measúnú ar na torthaí sin, mar aon leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2.

5. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 1 Iúil 2010 maidir leis an dul chun cinn i ngníomhaíochtaí iltaobhacha agus i gcaibidlí iltaobhacha maidir le mearcair, agus an comhchuibheas idir tráth agus raon feidhme na mbeartas a shonraítear sa Rialachán seo agus forbairtí idirnáisiúnta, go háirithe, á measúnú aige.

Airteagal 9

Go dtí an 15 Márta 2011, féadfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta a shrianann onnmhairiú mearcair mhíotolaigh, méine cionnabair, clóiríde mearcair (I), ocsáide mearcair (II) agus meascán de mhearcair miotalach le substaintí eile, lena n-áirítear cóimhiotail mearcair ag a bhfuil tiúchan mearcair de 95 % ar a laghad meáchan ar mheáchan, agus a glacadh de réir na reachtaíochta Comhphobail roimh an 22 Deireadh Fómhair 2008.

Airteagal 10

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 22 Deireadh Fómhair 2008.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J.-P. JOUYET

RIALACHÁN (CE) Uimh. 1103/2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Deireadh Fómhair 2008

lena n-oiriúnaítear ionstraimí áirithe atá faoi réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh do Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, maidir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú

Oiriúnú don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú

Cuid a Trí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe do phointe (c) d'Airteagal 61, do phointe 1(a) den chéad fhomhír d'Airteagal 63, agus d'Airteagal 67 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (1),

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach (2),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh (3),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (4) le Cinneadh 2006/512/CE ón gComhairle (5), lenar tugadh isteach nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú maidir le bearta a ghlacadh a bhfuil raon feidhme ginearálta acu agus a cheaptar chun eilimintí neamhriachtanacha d'ionstraim bhunúsach a leasú, ar ionstraim í a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh, inter alia trí chuid de na heilimintí sin a scriosadh nó tríd an ionstraim a fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha.

(2) I gcomhréir leis an dearbhú ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (6) maidir le Cinneadh 2006/512/CE, chun go mbeidh an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú infheidhme maidir le hionstraimí a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar

síos in Airteagal 251 den Chonradh, caithfear na hionstraimí sin a leasú i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme.

(3) Beidh an Ríocht Aontaithe agus Éire, a bhí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm ionstraimí a leasaítear leis an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótocal maidir le Seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, beidh siad rannpháirteach i nglacadh agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótocal maidir le Seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sa Rialachán seo, ciallaíonn "Ballstát" gach Ballstát seachas an Danmhairg.

Airteagal 2

Oiriúnaítear leis seo na hionstraimí a liostaítear san Iarscríbhinn, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin, do Chinneadh 1999/468/CE, arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE.

Airteagal 3

Tuigtear gurb é atá sna tagairtí d'fhorálacha na n-ionstraimí a liostaítear san Iarscríbhinn tagairtí do na forálacha sin arna leasú leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(1) IO C 224, 30.8.2008, lch. 35.

(2) IO C 117, 14.5.2008, lch. 1.

(3) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2008.

(4) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

(5) IO L 200, 22.7.2006, lch. 11.

(6) IO C 255, 21.10.2006, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát, i gcomhréir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobal Eorpaigh.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 22 Deireadh Fómhair 2008.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J.-P. JOUYET

IARSCRÍBHINN

1. Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ⁽¹⁾

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 44/2001, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún coigeartuithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin, nó na foirmeacha sin a thabhairt suas chun dáta. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 a leasú a cheapfar iad, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

Leasaítear, dá réir sin, Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 mar seo a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 74(2):

'2. Glacfaidh an Coimisiún nuashonruithe nó coigeartuithe teicniúla ar na foirmeacha, a bhfuil samplaí díobh in Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn VI. Glacfar na bearta sin, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 75(2).';

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 75:

'Airteagal 75

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.'

2. Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir chúirteanna na mballstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála ⁽²⁾

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún nuashonruithe nó leasuithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha caighdeánacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 a leasú a cheapfar iad, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

Leasaítear, dá réir sin, Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 mar seo a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19(2):

'2. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh leasuithe teicniúla ar na foirmeacha a leagtar amach san Iarscríbhinn nó a thabharfaidh suas chun dáta iad. Na bearta sin, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú in Airteagal 20(2).';

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

'Airteagal 20

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4), agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.'

⁽¹⁾ IO L 12, 16.1.2001, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 174, 27.6.2001, lch. 1.

3. **Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle an 18 Feabhra 2003 lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí leis an mBallstát a chinneadh atá freagrach as iarratas ar dhéan a scrúdú a thaisc náisiúnach tríú tír i gceann de na Ballstáit ⁽¹⁾**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 343/2003, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na coinníollacha agus na nósanna imeachta a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an chláisail daoncharadais chomh maith leis na critéir is gá chun aistriú a chur i gcrích. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 a leasú trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha a cheapfar iad, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

Leasaítear, dá réir sin, Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 mar seo a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15(5):

‘5. Glacfaidh an Coimisiún na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, meicníochtaí idir-réitigh chun ceisteanna idir na Ballstáit a shocrú i dtaca leis an ngá na pearsana i dtrácht a thabhairt le chéile, nó i dtaca leis an áit inar ceart é sin a dhéanamh. Na bearta sin, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 27(3).’;

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19(5):

‘5. Féadfaidh an Coimisiún rialacha forlíontacha a ghlacadh maidir le haistriú a chur i gcrích. Na bearta sin, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 27(3).’;

3. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(4):

‘4. Féadfaidh an Coimisiún rialacha forlíontacha a ghlacadh maidir le haistriú a chur i gcrích. Na bearta sin, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 27(3).’;

4. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27(3):

‘3. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4), agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d’fhorálacha Airteagal 8 de.’.

4. **Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d’éilimh neamhchonspóidithe ⁽²⁾**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 805/2004, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na foirmeacha caighdeánacha a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 a leasú a cheapfar iad, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

Cuirtear, dá réir sin, an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31 agus in Airteagal 32 de Rialachán(CE) Uimh. 805/2004:

‘Airteagal 31

Leasuithe ar na hlarscríbhinní

Leasóidh an Coimisiún na foirmeacha caighdeánacha a leagtar amach sna hlarscríbhinní. Na bearta sin, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú in Airteagal 32(2).

⁽¹⁾ IO L 50, 25.2.2003, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 143, 30.4.2004, lch. 15.

Airteagal 32

An Coiste

1. Tabharfaidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 cúnamh don Choimisiún.
 2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.
-

NÓTA DON LÉITHEOIR

Tá na hInstitiúidí tar éis a chinneadh gan an leasú deireanach ar na gníomhartha sin a luaitear ina dtéacsanna a lua a thuilleadh.

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, na gníomhartha dá dtagraítear sna téacsanna a fhoilsítear leis seo, is do na gníomhartha atá i bhfeidhm faoi láthair a thagraíonn siad.